RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/939 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Meitheamh 2021

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí gliocóil mona-eitiléine ar de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Ríocht na hAraibe Sádaí iad

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), agus go háirithe Airteagal 7 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. **Tionscnamh**

(1) An 14 Deireadh Fómhair 2020, thionscain an Coimisiún Eorpach ("an Coimisiún") imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí táirgí gliocóil mona-eitiléine ("MEG") de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Ríocht na hAraibe Sádaí ("na tíortha lena mbaineann") ar bhonn Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ("an bun-Rialachán"). D'fhoilsigh sé Fógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]) ("an Fógra Tionscnaimh").

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a rinne Coiste Cosanta Tháirgeoirí MEG na hEorpa ("an gearánach") agus a taisceadh an 31 Lúnasa 2020. Rinneadh an gearán thar ceann thionscal MEG an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Sa ghearán bhí fianaise ar dhumpáil agus ar dhíobháil ábhartha dá dheasca sin, fianaise ar leor í chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe.

(3) De bhun Airteagal 14(5a) den bhun-Rialachán, ba cheart don Choimisiún allmhairí atá faoi réir imscrúdú frithdhumpála a chlárú le linn na tréimhse réamhnochta ach amháin más leor an fhianaise atá aige de réir bhrí Airteagal 5 nach gcomhlíontar na ceanglais faoi phointe (c) nó (d) d'Airteagal 10(4).

(4) Sa chás atá i gceist, níor iarr an gearánach clárú agus rinne an Coimisiún amach nár comhlíonadh na ceanglais faoi phointe (d), mar gurbh amhlaidh, de bhreis ar an leibhéal allmhairí a rinne dochar le linn na tréimhse imscrúdaithe, nach raibh méadú breise ar allmhairí dá éis sin. De réir shonraí Eurostat, tháinig laghdú 15 % ar mheánmhéid míosúil allmhairí MEG ó na tíortha lena mbaineann sna chéad 5 mhí tar éis thionscnamh an imscrúdaithe (i.e. ó mhí na Samhna 2020 go mí an Mhárta 2021) i gcomparáid leis an meánmhéid allmhairí le linn na tréimhse imscrúdaithe. Ar an mbonn céanna, ar bhonn aonair, tháinig laghdú 30 % ar allmhairí ó na Stáit Aontaithe agus laghdú 4 % ar allmhairí ó Ríocht na hAraibe Sádaí. Bhí baint idir sin agus an cur isteach sealadach (1) i gcuideachtaí SAM de bharr adhaimsire, agus (2) san Aontas mar gheall ar an moilliú ar an éileamh de dheasca COVID. Dá bhrí sin, níor chláraigh an Coimisiún allmhairí le linn na tréimhse réamhnochta.

1.2. **Páirtithe leasmhara**

(5) San fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún an gearánach, mar aon le táirgeoirí aitheanta eile de chuid an Aontais, na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta, na húdaráis sna tíortha lena mbaineann, allmhaireoirí, trádálaithe agus úsáideoirí aitheanta ar an eolas go sonrach agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

([2]) Fógra tionscnamh dleachta frithdhumpála sealadaí ar allmhairí gliocóil mona-eitiléine ar de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Ríocht na hAraibe Sádaí iad (IO C 342, 14.10.2020, lch. 12).

(6) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt ar thionscnamh an imscrúdaithe agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála.

(7) Bhí éisteacht ann le Saudi Basic Industries Corporation ("SABIC"), a ghlac páirt san éisteacht mar aon le Arabian Petrochemical Company, Eastern Petrochemical Company ("SHARQ"), Jubail United Petrochemical Company ("United"), SABIC Italia S.r.l, SABIC Petrochemicals B.V., Saudi Kayan Petrochemical Company ("Saudi Kayan"), Saudi Yanbu Petrochemical Company ("Yanpet") and Yanbu National Petrochemical Company ("Yansab").

(8) Bhí éisteachtaí ann freisin le Arteco NV ("Arteco"), Indorama group, Oxyde Belgium BV ("Oxyde"), Mitsubishi Corporation ("Mitsubishi"), the Committee of PET Manufacturers in Europe ("CPME") agus HELM AG ("Helm").

1.3. **Barúlacha maidir leis an tionscnamh**

(9) Fuair an Coimisiún barúlacha maidir leis an tionscnamh uathu seo a leanas:

— Misean Ríocht na hAraibe Sádaí,

— an gearánach,

— ExxonMobil Petroleum & Chemical BV ("ExxonMobil"),

— SABIC, a chuir a bharúlacha isteach maille le Petrokemya, SHARQ, United, SABIC Italia S.r.l, SABIC Petrochemicals B.V., Saudi Kayan, Yanpet agus Yansab,

— CPME,

— an European Man-Made Fiber Association ("CIRFS"),

— Mitsubishi,

— HELM,

— Oxyde,

— Proviron Industries nv ("Proviron"), agus

— Arteco.

1.3.1. *Barúlacha maidir leis an dumpáil*

(10) Maidir leis an measúnú ar an dumpáil, d'áitigh Mitsubishi gurb amhlaidh, ós rud é go bhfuil ról mór ag innéacsanna praghas sa chaoi a ndíoltar MEG san Aontas, gur cheart don Choimisiún imscrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht nárbh fhéidir an dumpáil a líomhnaíodh a rinneadh a bheith ann de bharr beartas tráchtála comhfhiosach, ach gurb iad na difríochtaí i dtreochtaí in innéacsanna an Aontais agus innéacsanna neamh-Aontais thar am ba chúis leis an dumpáil sin. Comhaontaítear praghsanna conarthaí trí lascainí a chaibidliú ar chúlra innéacsanna éagsúla agus maireann conarthaí bliain amháin nó 2 bhliain de ghnáth. Ní bheidh a fhios ag táirgeoirí a chomhaontaíonn praghsanna i gconradh 1 bhliana amháin nó 2 bhliain an mbeidh difríocht i bpraghsanna sa deireadh idir a gconarthaí Aontais agus neamh-Aontais nuair a dhéanfar an conradh a shocrú agus na praghsanna a leagan síos agus a íoc.

(11) D'fhreagair an gearánach go bhfuil áibhéil déanta faoi ról tháscaire praghsanna an Aontais agus go bhfuil léirmhíniú míchruinn déanta air. Is éard atá san innéacs sin, tásc ar phraghas san Aontas ag am áirithe ar toradh é ar an gcothromaíocht idir soláthar agus éileamh atá bunaithe ar an iomad ceannaitheoirí agus díoltóirí. Na táirgeoirí de chuid an Aontais atá ag gearán, ní féidir leo an t-innéacs sin a rialú ná a chúbláil mar gur ar thaobh an díola amháin atá siad.

(12) D'fhreagair an gearánach trína mheabhrú gur comparáid lánoibíochtúil idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin atá i gconclúid go ndearnadh dumpáil. Ní bhaineann coincheap na hintinne leis na rialacha maidir lena dhéanamh amach an ndearnadh dumpáil.

(13) Maidir leis an anailís ar an bhfianaise a chuir na gearánaigh ar fáil, i gcomhréir le prionsabail Airteagal 2 den bhun-Rialachán, tháinig an chonclúid aisti gur leor an fhianaise go ndearnadh dumpáil i margadh an Aontais.

(14) Go háirithe, is leor an fhianaise atá soláthraithe ag an ngearánach faoin bpraghas onnmhairiúcháin agus faoin ngnáthluach chun a léiriú go bhfuil na corrlaigh dhumpála suntasach. Ba leor an fhianaise a chuir treise leis na figiúirí ar ar bunaíodh an gnáthluach, rud a deimhníodh le hanailís sheirbhísí an Choimisiúin. Cuireadh na coigeartuithe riachtanacha san áireamh san anailís a rinne an Coimisiún ar an dumpáil. Mar fhocal scoir, fuarthas gurbh amhlaidh, ar bhonn comparáid chothrom idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin, go raibh na corrlaigh dhumpála suntasach.

(15) Sa mhéid sin, tá an Coimisiún ag teacht leis an ngearánach nach mbaineann ceist na hintinne leis an anailís reachtúil a bhfuiltear tar éis tuairisc a thabhairt uirthi.

(16) D'áitigh Ríocht na hAraibe Sádaí gur ríomh an gearánach an gnáthluach le haghaidh MEG arna tháirgeadh i Ríocht na hAraibe Sádaí go mícheart ar bhonn eilimintí costais nach mbaineann leis an Araib Shádach agus nár shuigh sé comparáid chothrom idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin.

(17) D'áitigh Ríocht na hAraibe Sádaí freisin gurb amhlaidh, agus é ag ríomh an ghnáthluacha, go ndearna an gearánach earráid sa mheasúnú a rinne sé ar na fíorais, ós rud é (i) nach dtáirgeann SABIC MEG – tá táirgeoirí MEG liostaithe sa ghearán; (ii) nach raibh SABIC agus Saudi Aramco gaolmhar le chéile le linn na tréimhse a measadh sa Ghearán; agus (iii) nach gceannaíonn táirgeoirí Sádacha MEG eitiléin ó Saudi Aramco.

(18) Ar a bharr sin, ní dhearna an gearánach aon iarracht oiriúnú a dhéanamh ar an luach ionadaíoch le haghaidh MEG a úsáideadh chun an gnáthluach a ríomh sa chaoi go mbainfeadh sé le costas iarbhír an táirgthe san Araib Shádach.

(19) Lena chois sin, thuairiscigh an gearánach meánleictreachas 0,067 EUR/kWh, ach go gcomhfhreagraíonn an taraif leictreachais a poiblíodh do 0,043 EUR/kWh.

(20) Rinneadh an chéad sraith tuairimí sin uile a athrá sna barúlacha ó SABIC.

(21) Déantar a mheabhrú gurb amhlaidh, de réir Airteagal 5(2) den bhun-Rialachán, a bheidh faisnéis den chineál sin san áireamh i ngearán de réir mar atá sí ar fáil go réasúnta don ngearánach. Maidir leis sin, ní mór a mheabhrú go léiríonn an caighdeán fianaise dlíthiúil a cheanglaítear i gcás gearáin ("fianaise *prima facie* leordhóthanach") nach ionann cainníocht agus cáilíocht na faisnéise sa ghearán agus cainníocht agus cáilíocht na faisnéise a bhíonn ar fáil i ndeireadh imscrúdaithe. Ag céim an ghearáin, ní gá an fhianaise chéanna ar dhumpáil agus ar dhíobháil (de réir bhrí Airteagail 2 agus 3) a bheith os comhair an údaráis imscrúdúcháin (an Coimisiún sa chás seo) agus a theastódh chun tacú le forchur dleachtanna frithdhumpála ("FD" anseo feasta), bíodh siad sealadach nó cinntitheach. Is éard is imscrúdú FD ann, próiseas ina mbaintear amach cinnteacht diaidh ar ndiaidh de réir mar a théann an t-imscrúdú ar aghaidh go bhfuil na heilimintí ann is gá chun beart a ghlacadh nó chun imeachtaí a fhoirceannadh. Níl sé curtha as an áireamh go dtiocfadh athruithe ar an scéal idir céim an ghearánaigh agus deireadh an imscrúdaithe. Mar sin féin, ní mheastar go mbeidh tionchar ag na hathruithe sin ar an gconclúid fhoriomlán gur fiú an comhad a imscrúdú ó tá fianaise leordhóthanach ann ar dhumpáil dhíobhálach.

(22) Sa mhéid sin, measadh go raibh an fhaisnéis a cuireadh ar fáil faoi chostais oiriúnach agus cruinn go leor chun an gnáthluach a dhéanamh amach, sa chomhthéacs *prima facie* is infheidhme tráth an tionscnaimh, ar chúlra na fianaise a bhí ar fáil don iarrthóir.

(23) Maidir le maímh Ríocht na hAraibe Sádaí faoi eilimintí fíorasacha an ghearáin, tá an Coimisiún ag aibhsiú an fhíorais gurb í an eitiléin an príomh-amhábhar ó thaobh MEG a tháirgeadh de, agus go raibh an ceart ag an ngearánach nuair a chuir sé in iúl go raibh slabhra soláthair na heitiléine san Araib Shádach comhtháite go hingearach, fiú sula bhfuair Saudi Aramco SABIC.

(24) Ar an dara dul síos, maidir leis an gcomparáid idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin sa ghearán, de réir Ríocht na hAraibe Sádaí agus SABIC, ní raibh sin cothrom mar nach ndearna an gearánach é ar an leibhéal díreach ón monarcha. Is amhlaidh, de réir na hAraibe Sádaí, a rinne sé comparáid leis an bpraghas onnmhairiúcháin SAB, mar nár bhain sé ach muirir lasta mheasta den luach staidrimh CAL, agus gnáthluach ríofa leis, a raibh costais díola dírigh ina gcuid de go cinnte.

(25) Maidir leis an gcomparáid idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin, meabhraíonn an Coimisiún nach cinnte go léiríonn an corrlach dumpála arna ríomh sa ghearán méid cruinn na dumpála a ríomhfar le linn an imscrúdaithe de réir an idirbhirt agus de réir an chineáil.

(26) Mar sin féin, i bhfianaise na faisnéise atá ar fáil, is leor an fhianaise atá curtha ar fáil ag an ngearánach faoin bpraghas onnmhairiúcháin agus faoin ngnáthluach chun a léiriú go ndearnadh dumpáil. Ba leor an fhianaise a chuir treise leis na figiúirí ar ar bunaíodh an gnáthluach, rud a deimhníodh le hanailís sheirbhísí an Choimisiúin, agus cuireadh na coigeartuithe riachtanacha san áireamh san anailís a rinne an Coimisiún ar dhumpáil.

(27) Ar aon dul leis an Araib Shádach agus le SABIC, chuir ExxonMobil i gcoinne ríomh an chostais táirgthe ar ghliocól mona-eitiléine san Araib Shádach, go háirithe i gcás na heitiléine mar amhábhar, a thuairiscítear sa ghearán.

(28) D'aibhsigh sé an fíoras gurb é an cineál amhábhair a úsáidtear sa scáinteoir gaile is mó a shocraíonn an costas ar eitiléin a tháirgeadh, agus go mbíonn difear mó idir costais na n-amhábhar sin.

(29) Déanann comhfhiontar ExxonMobil agus SABIC, dar teideal Saudi Yanbu Petrochemical Company ("Yanpet"), an t-amhábhar a cheannach ó Saudi Aramco. Ina ionad sin, thagair an gearánach do phraghas na heitiléine i margadh na hÁise, praghas nach bhfuil oiriúnach chun praghas na heitiléine san Araib Shádach a dhéanamh amach mar go bhfuil costais táirgthe i bhfad níos ísle ansin ná san Áise.

(30) Go deimhin, úsáideann scáinteoir gaile Yanpet an t-eatán mar phríomh-amhábhar chun eitiléin a tháirgeadh, cé gurb é an nafta den chuid is mó a úsáideann scáinteoirí gaile san Áise agus san Aontas.

(31) Dá bhrí sin, is míthreorach an maíomh a rinne an gearánach gur beag idir próisis táirgthe sna tíortha go léir, de réir ExxonMobil.

(32) Go háirithe, bíonn táirgeadh eitiléine ó nafta níos costasaí ná táirgeadh ó eatán agus, mar sin, tá costas táirgthe an Aontais níos airde ná an costas san Araib Shádach agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá mar go bhfuil an dá thír sin bunaithe ar amhábhar eatáin den chuid is mó.

(33) Thairis sin, níl san áireamh in úsáid an phraghais Áisigh gur cás eile é cás táirgeora chomhtháite a tháirgeann idir eitiléin agus gliocól mona-eitiléine, mar a dhéanann Yanpet.

(34) D'aithin an Coimisiún go bhfuil difríochtaí i dtáirgeadh na heitiléine ach níor mheas sé go raibh difear ollmhór idir cás thionscal an Aontais agus cás thionscal na hAraibe Sádaí de bharr na ndifríochtaí sin idir costais amhábhar.

(35) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gurbh amhlaidh, agus an fhaisnéis a bhí ar fáil dó á cur san áireamh, gur thug an gearánach fianaise leordhóthanach go raibh dumpáil á ndéanamh a bhí ina údar le himscrúdú a thionscnamh.

1.3.2. *Barúlacha maidir le díobháil*

(36) D'áitigh SABIC agus Misean Ríocht na hAraibe Sádaí nach raibh údar leis na hiarratais ar láimhseáil rúnda sa ghearrán amhail tomhaltas iomlán MEG san Aontas agus na táscairí maicreacnamaíocha a bhí bunaithe ar shonraí 12 tháirgeoir MEG. Ar a bharr sin, mhaígh SABIC agus Misean Ríocht na hAraibe Sádaí nár chuir an gearánach ar fáil achoimrí neamhrúnda ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil ar bhonn rúnda amhail faisnéis faoin margadh faoi chuing. Rinneadh argóint bhreise go gcuirtear isteach ar chearta cosanta Ríocht na hAraibe Sádaí mar gheall ar a theoranta a bhí an fhaisnéis a nocht an gearánach agus mar nár fhorfheidhmigh an Coimisiún rialacha soiléire maidir le láimhseáil faisnéise rúnda.

(37) Mheas an Coimisiún go raibh an fhaisnéis uile ba ghá agus na hachoimrí neamhrúnda ábhartha ar shonraí uile ba ghá a cuireadh ar fáil faoi chumhdach rúndachta sa leagan a bhí ar oscailt lena iniúchadh ag páirtithe leasmhara chun gurbh fhéidir leo a gceart cosanta a fheidhmiú ar feadh na n-imeachtaí. Tá cead tugtha in Airteagal 19 den bhun-Rialachán agus in Airteagal 6(5) de EDT ADA faisnéis rúnda a chosaint i gcás ina dtabharfaí buntáiste suntasach iomaíochta d'iomaitheoir dá nochtfaí í, nó ina mbeadh tionchar suntasach diúltach aici ar an duine a sholáthair an fhaisnéis nó ar an duine óna bhfuair sé an fhaisnéis. Tá an fhaisnéis a cuirtear ar fáil faoi chumhdach rúnda agus sna hiarscríbhinní teoranta a ghabhann leis an ngearán sna catagóirí sin. Ar aon nós, nocht an gearánach faisnéis bhreise faoi sin.

(38) Chuir Misean Ríocht na hAraibe Sádaí in aghaidh cur san áireamh allmhairí chuig an Ríocht Aontaithe sa ghearán agus i raon an imscrúdaithe.

(39) Tharraing an Ríocht Aontaithe siar as an Aontas Eorpach an 31 Eanáir 2020. Tháinig an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ar chomhaontú go comhpháirteach maidir le hidirthréimhse a raibh an Ríocht Aontaithe faoi réir dhlí an Aontais lena linn, agus ar tháinig deireadh leis an 31 Nollaig 2020 ([3]). Bhí an gearán bunaithe ar shonraí AE-28 mar gur taisceadh é roimh dheireadh na hidirthréimhse. Dá bhrí sin, ón 1 Eanáir 2021, níor cháiligh cuideachtaí ná comhlachais ón Ríocht Aontaithe mar pháirtithe leasmhara sna himeachtaí seo a thuilleadh. Dá bhrí sin, rinneadh an t-imscrúdú ar bhonn AE-27.

(40) Chreid SABIC go raibh roinnt ceisteanna oscailte ann faoina iontaofa atá an ríomh atá ar bun faoi láthair agus faoin a ionadaíche atá na gearánaigh. Maidir leis sin, mhaígh SABIC go raibh ceann de na gearánaigh ag síorallmhairiú MEG ó Ríocht na hAraibe Sádaí, agus, dá bhrí sin, nár cheart é a bheith ina chuid den ghearán. Ar a bharr sin, bhí cuideachta a bhí gaolmhar le táirgeoir tacaíochta de chuid an Aontas ag allmhairiú MEG ó Ríocht na hAraibe Sádaí freisin, agus, má bhí díobháil á déanamh do na cuideachtaí sin, gurbh iad féin ba chúis leis sin. Mhaígh SABIC freisin go ndeachaigh táirgeoir MEG eile i dteagmháil le SABIC chun MEG ó Ríocht na hAraibe Sádaí chuig an Aontas a chur ar an margadh. De bhreis air sin, mhaígh SABIC nach gearánaigh iad BASF SE agus Ineos agus gur ardaigh an líon beag de tháirgeoirí an Aontais a bhí ina gcuid den ghearánach ceisteanna faoina ionadaíche a bhí siad. Mhaígh SABIC freisin gur cheart don Choimisiún an chúis a imscrúdú a bhí le gan IQOXE a bheith ina chuid den ghearán chun a áirithiú nár cuireadh IQOXE as an áireamh ar fhoras seachas an teagmhas a tharla in Eanáir 2020. D'ardaigh Oxyde ceist neamh-chomhoibriú táirgeoirí eile de chuid an Aontais freisin.

(41) Meabhraíonn an Coimisiún maidir leis na táirgeoirí uile de chuid an Aontais atá luaite sa ghearán agus a raibh aithne ag an gCoimisiún orthu ar dhóigh eile roimh an tionscnamh, go ndeachthas i dteagmháil leo faoi chuimsiú an scrúdaithe ar an méid a bhíothas ag tacú leis an ngearán nó ag cur ina choinne. Bhí an ríomh sin bunaithe ar na cainníochtaí MEG a táirgeadh de réir na n-achoimrí i ndearbhuithe aonair ó na táirgeoirí agus na comhlachais táirgeoirí sin agus de réir na faisnéise sa ghearán a bhfuil faisnéis ann freisin faoi tháirgeacht iomlán an Aontais. Dá bhrí sin, ag céim an tionscnaimh, thángthas ar an gconclúid gur comhlíonadh coinníollacha Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán.

(42) I gcomhréir le hAirteagal 4(1) agus 4(2) den bhun-Rialachán, féadfar táirgeoirí atá gaolmhar d'onnmhaireoirí nó allmhaireoirí agus/nó a allmhairíonn an táirge a bhfuil sé líomhainte gur dumpáladh é a eisiamh ó thionscal an Aontais má tá an gaol atá acu le honnmhaireoirí nó allmhaireoirí an táirge dhumpáilte agus/nó a n-allmhairí ina ghaol a dhéanfadh a n-iompraíocht éagsúil le hiompraíocht táirgeoirí nach bhfuil an gaol sin acu. Níor thángthas ar aon chúis san anailís réamhthionscnaimh le haon cheann de na táirgeoirí is gearánaigh a eisiamh ón sainmhíniú ar thionscal an Aontais. Ar a bharr sin, mheas an Coimisiún an ghné sin le linn an imscrúdaithe, de réir mar a shonraítear in aithrisí (135) go (140). Maidir leis an maíomh nach raibh BASF SE ná Ineos Lavera ina gcuid den ghearán, tá an maíomh sin mícheart ó thaobh na bhfíoras de. Tá an dá tháirgeoir sin ina gcuid den ghearán de réir mar a léirítear in Iarscríbhinn A-1 den leagan neamhrúnda den ghearán.

(43) Mhaígh SBIC agus Ríocht na hAraibe Sádaí nach raibh aon fhoras fíorasúil ná dlí leis na hallmhairí ó Ríocht na hAraibe Sádaí a charnadh agus gur dinimic eile a bhí ag imirt tionchair ar na hallmhairí sin, gur bhain treochtaí eile leo san Aontas agus nár shladghearr praghas na n-allmhairí as Ríocht na hAraibe Sádaí praghsanna an Aontais, rud a rinne allmhairí ó na Stáit Aontaithe.

(44) Tar éis dó an anailís ábhartha a dhéanamh, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh na coinníollacha maidir le carnadh sna tíortha lena mbaineann ag céim an ghearáin á gcomhlíonadh ar bhonn na faisnéise agus na staitisticí a bhí ar fáil. Fuarthas go raibh na corrlaigh dhumpála os cionn *de minimis*. Mar a léirigh staitisticí allmhairiúcháin a bhí ar fáil, ní raibh na hallmhairí dumpáilte diomaibhseach (os cionn *de minimis*) i dtéarmaí méideanna i gcás na dtíortha uile lena mbaineann. Ar a bharr sin, is tráchtearra é MEG agus níl aon difear idir an iomaíocht idir táirgí a allmhairítear ó Ríocht na hAraibe Sádaí agus táirgí an Aontais agus tá sí bunaithe ar an bpraghas amháin, cibé cainéil díolachán atá i gceist. Cé nach luaitear sa ghearán maidir le hallmhairí as Ríocht na hAraibe Sádaí go ndearnadh sladghearradh praghais, ní hionann sin agus a rá nach ndéantar aon difear do phraghsanna. Dá bhrí sin, ag céim an tionscnaimh, thángthas ar an gconclúid gur comhlíonadh coinníollacha Airteagal 3(4) den bhun-Rialachán.

(45) Mhaígh SABIC agus Misean Ríocht na hAraibe Sádaí nár mheas an gearánach an díobháil go hoibiachtúil faoi Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán agus ach raibh an fhaisnéis fhíorasach ag teacht leis an maíomh go ndearnadh díobháil ábhartha. Ní raibh pictiúr cruinn neamhchlaonta ar an gcás sa mheasúnú ar an díobháil agus an nasc cúisíoch ar bhonn comparáid idir sonraí ó thréimhsí éagsúla, i.e., mí Eanáir – mí na Nollag 2017, 2018 agus 2019 agus mí Aibreáin 2019 – mí an Mhárta ó tá forluí mór ann idir an bhliain 2019 agus an tréimhse imscrúdaithe, ach gur cheart dó, ina ionad sin, scrúdú a dhéanamh ar na tréimhsí mí Aibreáin – mí an Mhárta 2016/2017, 2017/2018, 2018/2019 agus 2019/2020 chun an díobháil agus an nasc cúisíoch a mheas. Sa bhreis air sin, áitíodh gur saobhadh an chomparáid de bharr go n-athraíonn díolacháin MEG de réir an tséasúir agus go mbíonn siad timthriallach.

([3]) Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 1).

Maíodh ar a bharr sin gur léirigh na sonraí maicreacnamaíocha a chuir an gearánach ar fáil i ndáil le tionscal an Aontais ar an iomlán gur fheidhmigh sé go maith le linn na tréimhse a measadh, agus nár fheidhmigh na micreatháscairí, a bhain leis an ngearánach amháin, go maith i gcomparáid leis na táirgeoirí eile MEG de chuid an Aontais, rud a d'ardaigh ábhair imní faoina ionadaíche a bhí an gearánach. Ar a bharr sin, áitíodh nár chuir an gearánach ar fáil aon fhianaise gur ísligh a bhrabúsacht de bharr brú ó allmhairí a d'fhág gur thit praghsanna níos tapúla ná costais amhábhair. Mhaígh SABIC freisin nár chuir an gearánach pictiúr cruinn den chás ar fáil mar nár ríomh sé ach an bhrabúsacht a bhain le díolacháin le custaiméirí neamhghaolmhara agus nár chuir an gearánach ar fáil údar ceart le gan an margadh faoi chuing a chur san áireamh i dtomhaltas an Aontais. Ar a bharr sin, mhaígh SABIC, gan fianaise, gur féidir gur tháinig na corrlaigh bhrabúsachta a chláraigh tionscal an Aontais in 2017 agus 2018 maidir le díolacháin laistigh den Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara as an gcairtéal a bhí ar bun go dtí 2017 agus, dá bhrí sin, nárbh iomchuí corrlach brabúis 18 % a úsáid le haghaidh na hanailíse ar an ngearrdhíol praghais, ós rud é go bhfuil an bhrabúsacht sin bunaithe ar uimhreacha ó 2016 nuair a bhí an cairtéal faoi lánseol. Lena chois sin, mhaígh Misean Ríocht na hAraibe Sádaí gur cúis le ceisteanna é gur ríomhadh an corrlach gearrdhíola praghsanna ar bhonn brabús nach cosúil go bhfuil sé bunaithe ar bhrabúsacht réasúnta.

(46) Mar réamhbharúil, meabhraítear gur gá scrúdú , *inter alia*, ar na fachtóirí ábhartha de réir na tuairisce in Airteagal 5(2) den bhun-Rialachán chun teacht ar chonclúid *prima facie* go ndearnadh díobháil ábhartha. Go deimhin, sonraítear i bhfoclaíocht Airteagal 5(2) den bhun-Rialachán go gcuimseoidh an gearán fianaise faoi na hathruithe ar mhéid na n-allmhairí a bhfuil sé líomhainte gur dumpáladh iad, éifeacht na n-allmhairí sin ar phraghsanna an táirge chomhchosúil ar mhargadh an Aontais agus tionchar iarmhartach na n-allmhairí ar thionscal an Aontais, mar a léiríonn tosca agus innéacsanna ábhartha (ach gan iad uile go léir) a bhaineann le staid thionscal an Aontais, amhail iad siúd a liostaítear in Airteagal 3(3) agus (5). Sonraítear in Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán nach liosta cuimsitheach an liosta sin, agus nach gá go bhféadfar treoir chinntitheach a bhunú ar aon cheann amháin nó níos mó de na fachtóirí sin. Dá bhrí sin, ní gá léiriú a bheith sna fachtóirí uile go bhfuil meath ann chun go leagfar síos conclúid *prima facie* go ndearnadh díobháil ábhartha. Ar a bharr sin, ní hionann fachtóirí eile a bheith ann ar féidir go n-imreoidh siad tionchar ar chás thionscal an Aontais agus a rá go cinnte nach bhfuil éifeacht allmhairí a dumpáladh ar an tionscal sin ábhartha.

(47) Léirigh anailís shonrach a rinne an Coimisiún ar dhíobháil gur leor an fhianaise a bhí ann go raibh méadú tagtha ar dhul i bhfód ar mhargadh an Aontais (i ndearbhthéarmaí agus téarmaí coibhneasta araon) allmhairí ó Ríocht na hAraibe Sádaí agus ó na Stáit Aontaithe ar phraghsanna lena sladghearradh (i gcás allmhairí ó na Stáit Aontaithe) agus lenar gearrdhíoladh praghsanna thionscal an Aontais féin. Is cosúil go raibh tionchar a rinne díobháil ábhartha do staid thionscal an Aontais aige sin, mar a léiríonn, mar shampla, an t-ísliú ar an táirgeacht, ar na díolacháin agus ar an sciar den mhargadh, meath ar thorthaí airgeadais nó leibhéal na bpraghsanna a ghearrann tionscal an Aontais. Maidir leis an maíomh faoin tréimhse a measadh agus faoin tréimhse imscrúdaithe, is é cleachtas an Choimisiúin tréimhse imscrúdaithe 1 bhliana amháin agus na 3 bliana féilire roimhe sin a roghnú, ag céim an ghearáin freisin. Maidir leis an mbarúil ó SABIC maidir le díolacháin faoi chuing, chuir an gearánach fianaise ar fáil faoi dhíolacháin faoi chuing. Dá bharr sin, rinneadh scrúdú ar iomláine an mhargaidh, agus, i gcás gnéithe áirithe den anailís ar dhíobháil, cuireadh béim ar an margadh saor. Thángthas ar an gconclúid san anailís a rinne an Coimisiún dá éis sin ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil dó, *inter alia*, go raibh deighilt idir an margadh saor agus an margadh faoi chuing. Maidir leis an maíomh nach raibh ríomh brabúsachta an gearrdhíol cruinn mar go raibh sé bunaithe ar chorrlach brabúis míréasúnta, sonraítear go raibh an Coimisiún sásta leis an bhfianaise go ndearnadh gearrdhíol a chuir an gearánach chun tosaigh agus gur mheas sé gur leor é mar fhianaise *prima facie*.

(48) Mhaígh Mitsubishi gurbh fhéidir gur bliain eisceachtúil í an bhliain 2017 ó thaobh thionscal an Aontais de agus, dá bhrí sin, nárbh fhéidir 2017 a úsáid mar bhliain tagartha le haghaidh an mheasúnaithe ar dhíobháil agus gur cheart an tréimhse a measadh sa ghearán a fhadú chun blianta roimhe sin a chumhdach. Ar a bharr sin, áitíodh gur ghá measúnú ar thréimhse níos faide le haghaidh úsáid conarthaí a mhair 1 bhliain amháin nó 2 bhliain. Mhaígh Mitsubishi gur léirigh an gearán nach ndearnadh aon sladghearradh praghais ar an leibhéal foriomlán le hallmhairí ó na Stáit Aontaithe agus Ríocht na hAraibe Sádaí le linn na tréimhse imscrúdaithe agus, maidir leis an gceanglas go mbeadh fianaise ann go ndearnadh sladghearradh praghais ábhartha, go raibh tábhacht ar leith leis sa chás i dtrácht ós rud é go ndéantar formhór na díolacháin faoi chonarthaí a mhaireann 1 bhliain amháin nó 2 bhliain de ghnáth. Mheas an Coimisiún nár bhréagnaigh aon cheann de líomhaintí Mitsubishi an chonclúid gur leor an fhianaise a bhí ann chun imeachtaí frithdhumpála a thionscnamh. Ní raibh aon teagmhas eisceachtúil ann a thabharfadh údar le fadú na tréimhse a measadh chun am roimh an 1 Eanáir 2017 a chumhdach. Leis an tréimhse a measadh is féidir saintréithiúlacht na gconarthaí 1 bhliana amháin nó 2 bhliain a chur san áireamh. Go deimhin, ba leor an fhianaise a bhí sa ghearán go raibh tionchar díobhálach ábhartha ag na hallmhairí a dumpáladh ar staid thionscal an Aontais agus bhí an Coimisiún sásta leis an bhfianaise go ndearnadh sladghearradh a chuir an t-iarratasóir chun tosaigh, chomh maith leis an bhfianaise gur ísligh praghsanna agus díolacháin go dtí go raibh siad faoi bhun costais thionscal an Aontais.

(49) Mhaígh SABIC agus Misean Ríocht na hAraibe Sádaí nár léirigh an gearánach go raibh nasc cúisíochta faoi Airteagal 3(6) den bhun-Rialachán ann mar gurb iad éifeachtaí na bpraghsanna amháin a scrúdaigh an gearánach, agus ní hé an comhchoibhneas idir méid na n-allmhairí ó Ríocht na hAraibe Sádaí agus ó na Stáit Aontaithe. D'áitigh sé lena chois sin gur ísligh méid na n-allmhairí ó Ríocht na hAraibe Sádaí agus nárbh fhéidir gur imir praghsanna allmhairí as Ríocht na hAraibe Sádaí drochthionchar ar an ngearánach mar nach ndearnadh aon sladghearradh.

(50) D'anailísigh an gearánach éifeacht méideanna ar bhonn carntha mar gur comhlíonadh coinníollacha Airteagal 3(4) den bhun-Rialachán ag an gcéim sin. An fíoras gur san am céanna a mheath staid thionscal an Aontais agus a mhéadaigh teacht i bhfód allmhairí dumpáilte, is léiriú láidir é go bhfuil nasc cúisíoch ann. Ní dhearnadh sladghearradh, ach ní hionann sin agus a rá nárbh fhéidir go ndearna praghsanna onnmhairiúcháin díobháil nuair ba thoradh iad praghsanna thionscal an Aontais ar bhrú ard praghsanna de bharr allmhairí dumpáilte ar phraghas íseal. Is é an fachtóir is tábhachtaí ó thaobh díobháil agus cúisíocht a dhéanamh amach nach raibh de rogha ag táirgeoirí an Aontais ach a bpraghsanna díolachán a ísliú chun a sciar den mhargadh a chosaint agus chun leibhéil réasúnta táirgeachta a choinneáil ar bun. Ar a bharr sin, rinneadh staid thionscal an Aontais níos measa arís mar gur díoladh na hallmhairí dumpáilte ar mhargadh oscailte trédhearcach ina raibh eolas maith ar phraghsanna, rud a chuir d'iachall ar thionscal an Aontais a phraghsanna díolachán a ísliú chun teorann a chur leis an méid a chaill sé dá sciar den mhargadh.

(51) Mhaígh SABIC agus Misean Ríocht na hAraibe Sádaí nár scrúdaigh an gearánach cúiseanna eile díobhála ar nós éifeachtaí chairtéal na gceannaitheoirí eitiléine a lean ar aghaidh go dtí mí an Mhárta 2017 ar a laghad agus ar dócha go raibh éifeachtaí aige dá éis sin chomh maith. D'aibhsigh SABIC fachtóirí eile amhail (i) neamhiomaíocht thionscal an Aontais mar go raibh meánchostas an táirgthe san Aontas ní b'airde ná mar a bhí sa Meánoirthear agus i Meiriceá Thuaidh; (ii) laghdú ar an sciar d'ocsaíd eitiléine a úsáidtear chun MEG a tháirgeadh mar go rabhthas ag úsáid díorthaigh ocsaíde eitiléine eile; (iii) an méadú ar allmhairí teireataláite eitiléine ("PET"), rud a raibh tionchar díreach aige ar thomhaltas MEG; (iv) an fhéindíobháil a rinne allmhairí MEG ó Ríocht na hAraibe Sádaí. Mhaígh sé, dá bhrí sin, nár chomhlíon an Gearánach na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 3(7) den bhun-Rialachán mar nár nocht sé na cúiseanna díobhála a bhí ar eolas a liostaítear thuas agus nach ndearna sé anailís neamh-aitreabúideachta. Mhaígh Mitsubishi freisin gurbh iad (i) ísliú domhanda praghsanna MEG, (ii) easpa iomaíochais thionscal an Aontais seachas aon dumpáil a líomhadh a rinneadh ba chúis leis an díobháil a líomhadh a bhí ann. Mhaígh sé freisin gur fheidhmigh táirgeoirí neamhghearánacha an Aontais ní b'fhearr ná táirgeoirí gearánacha an Aontais agus go bhfuil siad ag téarnamh.

(52) Dheimhnigh anailís an Choimisiún nach mbréagnaíonn aon cheann de na heilimintí a luadh, bídís ceart ó thaobh na bhfíoras de nó ná bídís, an chonclúid gur leor an fhianaise a bhí ann chun imeachtaí frithdhumpála a thionscnamh i leith an phointe go ndearna allmhairí dumpáilte díobháil ábhartha do staid thionscal an Aontais.

(53) Mhaígh CIRFS gur cheart iarmhairtí diúltacha phaindéim COVID-19 mar fhachtóir ba chúis le díobháil i gcás 2020 a chur san áireamh sna gearáin trína shonrú go mícheart gur chumhdaigh an tréimhse imscrúdaithe sa ghearán an tréimhse ón 1 Iúil 2019 go dtí an 30 Meitheamh 2020.

(54) Is amhlaidh a thosaigh an tréimhse imscrúdaithe an 1 Aibreán 2019 agus chríochnaigh sé an 31 Márta 2020 agus, dá bhrí sin, rachadh aon tionchar a bhí ag paindéim COVID-19 i bhfeidhm ar thionscal an Aontais tar éis na tréimhse imscrúdaithe.

(55) Ar bhonn an mhéid thuas, dheimhnigh an Coimisiún gur leor an fhianaise a chuir an gearánach ar fáil faoi dhumpáil, díobháil agus nasc cúisíochta sa chaoi gur chomhlíonadh na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 5.2 den Chomhaontú Frithdhumpála agus in Airteagal 5(2) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, chomhlíon an gearánach na ceanglais maidir le tionscnamh.

(56) Mheas an Coimisiún na barúlacha ábhartha eile uile agus thug sé aghaidh orthu sna ranna thíos.

1.4. **Sampláil**

(57) San fhógra tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún go bhféadfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

1.4.1. *Sampláil tháirgeoirí an Aontais*

(58) Ina Fhógra Tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí ón Aontas roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún an sampla ar bhonn tháirgeacht agus mhéid díolachán an táirge chomhchosúil san Aontas arna dtuairisciú ag táirgeoirí an Aontas i gcomhthéacs na hanailíse measúnaithe. Bí trí tháirgeoir de chuid an Aontais sa sampla sin, a raibh dhá cheann acu gaolmhar. Táirgeoirí sampláilte an Aontais ba chúis le 64,1 % de tháirgeacht iomlán an Aontais agus 65 % de dhíolacháin iomlána an Aontais. Measadh go raibh an sampla ionadaíoch ar thionscal an Aontais. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt faoin sampla sealadach. Ní bhfuarthas aon bharúil agus, dá bhrí sin, deimhníodh an sampla.

1.4.2. *Sampláil allmhaireoirí*

(59) Chun a dhéanamh amach an bhfuil gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhghaolmhara an fhaisnéis a shonraítear san fhógra tionscnaimh a sholáthar.

(60) Chuir dhá allmhaireoir neamhghaolmhara an fhaisnéis ar fáil a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I bhfianaise a laghad freagraí a fuarthas, chinn an Coimisiún nach raibh gá le sampláil.

1.4.3. *Sampláil táirgeoirí onnmhairiúcháin i Stáit Aontaithe Mheiriceá*

(61) Chun a dhéanamh amach an raibh gá le sampláil agus, dá mb'amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar na táirgeoirí onnmhairiúcháin uile i Stáit Aontaithe Mheiriceá an fhaisnéis a shonraítear san fhógra tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Stáit Aontaithe Mheiriceá táirgeoirí onnmhairiúcháin eile a shainaithint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, má ba ann dóibh, ar táirgeoirí iad a bhféadfadh suim a bheith acu a bheith rannpháirteach san imscrúdú.

(62) Chuir cúig tháirgeoir onnmhairiúcháin sa tír lena mbaineann an fhaisnéis a iarradh ar fáil agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de dhá ghrúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó d'onnmhairí chuig an Aontas ab fhéidir a imscrúdú go réasúnta laistigh den tréimhse ama a bhí ar fáil. Bhí na grúpaí sampláilte de tháirgeoirí onnmhairiúcháin tuairim agus 55 % d'allmhairí ó Stáit Aontaithe Mheiriceá chuig an Aontas-AE27 le linn na tréimhse imscrúdaithe. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle le gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta lena mbaineann, agus le húdaráis Stáit Aontaithe Mheiriceá, maidir le roghnú an tsampla. Ní bhfuarthas aon bharúil agus deimhníodh an sampla.

1.4.4. *Sampláil táirgeoirí onnmhairiúcháin i Ríocht na hAraibe Sádaí*

(63) Chun a dhéanamh amach an raibh gá le sampláil agus, dá mb'amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin i Ríocht na hAraibe Sádaí an fhaisnéis a shonraítear san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Ríocht na hAraibe Sádaí táirgeoirí onnmhairiúcháin eile a shainaithint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, má ba ann dóibh, ar táirgeoirí iad a bhféadfadh suim a bheith acu a bheith rannpháirteach san imscrúdú.

(64) Níor chuir aon táirgeoir i Ríocht na hAraibe Sádaí an fhaisnéis ar fáil a iarradh ná níor thoiligh aon táirgeoir a bheith san áireamh sa sampla. Mar sin féin, bhí ceann acu nár dhearbhaigh aon onnmhaire le linn na tréimhse imscrúdaithe, ach tá na trí cinn eile gaolmhar dá chéile mar go dtáirgeann dhá cheann acu i Ríocht na hAraibe Sádaigh trí chomhaontú comhfhiontair leis an tríú táirgeoirí. I bhfianaise an mhéid thuas, chinn an Coimisiún gan dul i muinín sampláil táirgeoirí onnmhairiúcháin i Ríocht na hAraibe Sádaí.

1.5. **Freagraí ceistneora agus cros-seiceálacha cianda**

(65) Na ceistneoirí le haghaidh tháirgeoirí, allmhaireoirí, úsáideoirí an Aontais agus táirgeoirí onnmhairiúcháin, cuireadh ar fáil ar líne iad ([4]) lá an tionscnaimh.

(66) Fuair an Coimisiún freagraí ceistneora ó thrí tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais, ó dhá allmhaireoir neamhghaolmhara (Helm agus Oxyde), ó sheacht n-úsáideoir (Arteco, Indorama Group, Neo Group, Novapet, PlastiVerd, Selenis, SIR Industriale) agus ó ocht dtáirgeoir onnmhairiúcháin (Lotte Chemical Louisiana LLC, MEGlobal Americas Inc, Saudi Kayan petrochemical company, Yanbu National Petrochemical Company, Eastern Petrochemical Company, Saudi Yanbu Petrochemical Company, Arabian Petrochemical Company, Jubail United Petrochemical Company).

(67) Lorg an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh sealadach a dhéanamh maidir leis an dumpáil, leis an díobháil dá deasca agus maidir le leas an Aontais agus chros-seiceáil sé í. De bharr ráig phaindéim COVID-19 agus na mbeart a glacadh dá réir chun déileáil leis an ráig ("Fógra COVID-19") ([5]), níorbh fhéidir leis an gCoimisiún, cuairteanna fíorúcháin a dhéanamh ar áitribh na gcuideachtaí sampláilte agus na n-úsáideoirí comhoibríocha go léir. Ina ionad sin, rinne an Coimisiún cros-seiceálacha cianda ar an bhfaisnéis a chuir na cuideachtaí seo a leanas ar fáil ar fhíschomhdháil:

Táirgeoirí an Aontais:

— BASF Antwerpen N.V., Belgium (agus an chuideachta dhíola atá gaolmhar dó BASF SE)

([4]) http://trade.ec.europa.eu/tdi/case_details.cfm?ref=ong&id=2485

([5]) Fógra maidir le hiarmhairtí na ráige COVID-19 ar imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais (IO C 86, 16.3.2020, lch. 6).

— INEOS NV, Belgium (agus an chuideachta dhíola atá gaolmhar dó INEOS Europe AG)

— INEOS Manufacturing Deutschland GmbH, Germany (agus an chuideachta dhíola atá gaolmhar dó INEOS Europe AG)

Táirgeoirí onnmhairiúcháin i Stáit Aontaithe Mheiriceá:

— Lotte Chemical Louisiana LLC

— MEGlobal Americas Inc

Trádálaithe, onnmhaireoirí agus próiseálaithe gaolmhara:

— MEGlobal International FZE, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha

— MEGlobal Europe GmbH, an Eilvéis

— Equipolymers GmbH, an Ghearmáin

Táirgeoirí onnmhairithe i Ríocht na hAraibe Sádaí:

— Saudi Kayan petrochemical company (Saudi Kayan)

— Yanbu National Petrochemical Company (Yansab)

— Eastern Petrochemical Company (Sharq)

— Saudi Yanbu Petrochemical Company (Yanpet)

— Arabian Petrochemical Company (Petrokemya)

— Jubail United Petrochemical Company (United)

Trádálaithe atá gaolmhar do tháirgeoirí onnmhairiúcháin i Ríocht na hAraibe Sádaí

— Saudi Basic Industries Corporation (SABIC), Ríocht na hAraibe Sádaí

Trádálaithe, onnmhaireoirí agus próiseálaithe gaolmhara:

— SABIC Petrochemicals B.V., an Ísiltír

— SABIC Italia Srl, an Iodáil

— Exxon Mobil Petroleum & Chemical BV, an Ísiltír

1.6. **An tréimhse imscrúdaithe agus an tréimhse a measadh**

(68) Cumhdaítear leis an imscrúdú ar dhumpáil agus díobháil an tréimhse ón 1 Iúil 2019 go dtí an 30 Meitheamh 2020 ("an tréimhse imscrúdaithe"). Sa scrúdú ar threochtaí ábhartha do mheasúnú díobhála, cumhdaíodh an tréimhse ón 1 Eanáir 2017 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdaithe ("an tréimhse a measadh").

(69) Mhaígh CPME nach raibh sa tréimhse díreach roimh thionscnamh an imscrúdaithe san áireamh sa tréimhse imscrúdaithe a roghnaigh an Coimisiún de réir mar a cheanglaítear faoi Airteagal 6(1) den bhun-Rialachán. D'áitigh CPME gurbh amhlaidh, ó ba rud é gur osclaíodh an tréimhse imscrúdaithe an 14 Deireadh Fómhair 2020, ba cheart an tréimhse mí Iúil – mí Mheán Fómhair 2020 a chur san áireamh sa tréimhse imscrúdaithe. Mhaígh CPME go raibh an tréimhse mí Eanáir 2020 go mí an Mheithimh 2020 a bhí san áireamh sa tréimhse imscrúdaithe, go raibh sí saofa ag éifeachtaí phaindéim COVID-19. Dá bhrí sin, chreid CPME gur cheart don Choimisiún sonraí iarthréimhse imscrúdaithe chun críoch na díobhála agus an mheasúnaithe ar leas an Aontais.

(70) Tá lánrogha ag an gCoimisiún ó thaobh an tréimhse imscrúdaithe a roghnú de. Sa chás seo, tá an dá bhuntáiste ag an tréimhse a roghnaíodh go mbaineann sí go díreach leis an dáta tionscnaimh agus go bhfuil sí bunaithe ar thréimhse leathbhliana sa chaoi gur fusa do chuideachtaí comhoibriú agus, dá bhrí sin, gur cruinne agus gurb oiriúnaí na torthaí. Déantar éifeachtaí phaindéim COVID-19 faoi chúisíocht, de réir mar is ábhartha i gcás fachtóirí ar féidir go maolóidh siad an nasc cúisíoch. Diúltaíodh, dá bhrí sin, an t-éileamh.

2. AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. **An táirge lena mbaineann**

(71) Is é an táirge lena mbaineann gliocól mona-eitiléine (an uimhir CE faoi láthair: 203-473-3), de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Ríocht na hAraibe Sádaí, atá faoi láthair faoin gCód AC ex 2905 31 00 (an cód TARIC 2905 31 00 10) ("an táirge lena mbaineann").

(72) Tugtar na hainmneacha gliocól eitiléine, eatáindé-ól agus eatán-1,2-dé-ól ar MEG freisin.

(73) Táirgtear MEG ar bhonn amhábhair éagsúla (eatán, própán, NGL, bútán) chun eitiléin a dhéanamh. Measctar eitiléin ansin le hocsaigin chun ocsaíd eitiléine a dhéanamh agus ansin le huisce chun gliocól mona-eitiléine a dhéanamh.

(74) Is tráchtearra é MEG atá ar fáil sa tráchtáil ar dhá ghrád éagsúla: grád an tsnátha agus an grád teicniúil. Baineann íonacht ard le grád an tsnátha (99,9 %), agus baineann leibhéil íonachta níos ísle leis an ngrád teicniúil.

(75) Is é an MEG de ghrád snátha is mó a úsáidtear chun PET, snáithíní poileistir, roisíní agus scannáin a tháirgeadh. Is in earnáil na ngluaisteán mar ábhar frithreo is mó a úsáidtear MEG ar an ngrád teicniúil. Ar na feidhmeanna eile atá ag MEG tá a úsáid mar oibreán aistrithe, i leachtanna dí-oighrithe, i mbratuithe dromchla, i roisíní poileistir neamhsháithithe agus i ndíhidriginiú gás nádúrtha.

2.2. **Táirge comhchosúil**

(76) Léiríodh san imscrúdú go bhfuil na buntréithe fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna, chomh maith leis na húsáidí bunúsacha céanna, ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann;

— an táirge a tháirgtear agus a dhíoltar ar mhargadh intíre na dtíortha lena mbaineann; agus

— an táirge arb é tionscal an Aontais a tháirg agus a dhíol san Aontas é.

(77) Rinne an Coimisiún amach ag an gcéim sin gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin dá bhrí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

2.3. **Maímh maidir leis an raon táirge**

(78) Mhaígh SABIC go raibh raon an táirge róleathan agus d'iarr sé go gcuirfí "MEG nach bhfuil de réir na sonraíochtaí" as an áireamh san imscrúdú, leis an áitiú nárbh inchomparáide an táirge leis an bpríomhghrád ("MEG de réir na sonraíochtaí") agus nach raibh sé in iomaíocht leis. Ar a bharr sin, d'áitigh SABIC gurbh amhlaidh, i gcás inar chinn an Coimisiún MEG nach raibh de réir na sonraíochtaí a chur as raon an imscrúdaithe, ba cheart ríomh na huimhreach rialaithe táirge ("PCN") a leasú chun go gcumhdódh sé MEG nach bhfuil de réir na sonraíochtaí chomh maith.

(79) Ní cineál táirge éagsúil é MEG nach bhfuil de réir na sonraíochtaí, ach MEG a mheath de bharr ocsaigiú a tharla de thaisme le linn a iompair. Níor mhonaraigh táirgeoirí MEG táirge den chineál sin d'aon turas. De réir leibhéal an mheatha, is féidir MEG nach bhfuil de réir na sonraíochtaí a dhíobhadh, nó is féidir é a mheascadh le MEG ar an bpríomhghrád agus a úsáid i bhfeidhmeanna áirithe amhail i bhfuarthán innill i dtionscal na ngluaisteán. Dá bhrí sin, diúltaíodh an maíomh agus níor ghá PCN a leasú.

3. DUMPÁIL

3.1. **Ríocht na hAraibe Sádaí**

(80) Níor cuireadh sampláil i bhfeidhm i gcás táirgeoirí onnmhairiúcháin i Ríocht na hAraibe Sádaí. Tá sé eintiteas táirgthe ag an aon ghrúpa cuideachtaí amháin, SABIC, agus rinneadh seiceáil ar leith ar gach ceann acu maidir lena gcostais mhonaraíochta. Ní raibh ach ceann amháin de na sé eintiteas táirgthe a tháirg le haghaidh mhargadh an Aontais, agus, dá bhrí sin, úsáideadh a chostas monaraíochta agus an gnáthluach á ríomh. Mar sin féin, scrúdaíodh idir dhíolacháin laistigh den Aontas agus onnmhairí chuig an Aontas ar leibhéal na ngrúpaí cuideachtaí.

3.1.1. *An gnáthluach*

(81) Rinne an Coimisiún scrúdú ar dtús féachaint an raibh an méid iomlán díolachán laistigh den Aontas don ghrúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ionadaíoch, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Is díolacháin ionadaíocha iad na díolacháin laistigh den Aontas má bhí an méid iomlán díolachán an táirge chomhchosúil laistigh den Aontas le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh laistigh den Aontas in aghaidh an táirgeora onnmhairiúcháin comhionann le 5 % ar a laghad de mhéid a dhíolachán onnmhairí iomlán maidir leis an táirge lena mbaineann leis an Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe. Ar an mbonn sin, bhí iomlán díolachán an táirge chomhchosúil ar an margadh laistigh den Aontas ionadaíoch.

(82) Ós rud é nár díoladh ach cineál táirge amháin ar an margadh laistigh den Aontas, agus a onnmhairíodh chuig an Aontas freisin, níor ghá don Choimisiún a sheiceáil a ionadaíche a bhí na samplaí ar leibhéal an chineáil táirge.

(83) Shainigh an Coimisiún ansin sciar na ndíolachán brabúsach le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh laistigh den Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe chun a chinneadh an úsáidfeadh sé díolacháin iarbhír laistigh den Aontas chun an gnáthluach a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 2(4) den bhun-Rialachán.

(84) Tá an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas iarbhír laistigh den Aontas, bídís na díolacháin sin brabúsach nó ná bídís, más amhlaidh:

(a) a bhí an méid díolachán, díolta ar phraghas díolachán glan cothrom leis an costas táirgthe ríofa nó os a chionn, os cionn 80 % den mhéid iomlán díolachán; agus

(b) atá an meánphraghas díolachán ualaithe an chineáil táirge sin cothrom le costas aonaid na táirgeachta nó níos airde ná sin.

(85) Sa chás sin, is é an gnáthluach meán ualaithe na bpraghsanna ar gach díolachán laistigh den Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(86) Is é an gnáthluach praghas iarbhír laistigh den Aontas na ndíolachán brabúsach laistigh den Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe, más amhlaidh:

(a) is 80 % nó níos lú den mhéid iomlán díolachán é an méid díolachán brabúsach: nó

(b) atá an meánphraghas ualaithe faoi bhun chostas aonaid na táirgeachta.

3.1.2. *Coigeartuithe ar an gcostas monaraíochta*

(87) Ceannaíonn na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha an t-amhábhar, agus go háirithe an própán, le haghaidh táirgeadh MEG, ó chuideachta ghaolmhar, Saudi Aramco, atá faoi úinéireacht an stáit, an táirgeoir monaplachta sa tír.

(88) Bhí SABIC faoi úinéireacht Chiste Infheistíochta Ríocht na hAraibe Sádaí ("PIF"), eintiteas rialtais, go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2020 nuair a cheannaigh Saudi Aramaco a scairsheilbh 70 %. Tá 95,8 % de Saudi Aramco faoi úinéireacht rialtas Ríocht na hAraibe Sádaí agus Chathaoirleach Aramaco, ó bhí 2016, S.E, ann. Is é Yasir O. Al-Rumayyan Gobharnóir agus Stiúrthóir PIF ó bhí 2015 ann freisin. Dá bhrí sin, meastar go bhfuil an dá chuideachta gaolmhar dá chéile, mar gur comh-scair-shealbhóir sa chuideachta é an rialtas, agus mar gheall ar H.E. é. Is oifigeach/stiúrthóir é Yasir O. AL Rumayyan sa dá chuideachta.

(89) De bharr an ghaoil, ní féidir na ceannacháin amhábhair a mheas mar phraghsanna i ngnáthchúrsa trádála, agus, dá bhrí sin, ní féidir iad a úsáid chun an gnáthluach a dhéanamh amach. I gcás áirithe an phrópáin (an t-amhábhar a úsáidtear chun eitiléin a tháirgeadh, agus, dá éis sin, MEG), socraíonn an rialtas na praghsanna de réir ghníomhaíocht na gcuideachtaí atá gaolmhar dó. Dá bhrí sin, déanann an gaol difear do na praghsanna go díreach, de réir Airteagal 2(1) den bhun-Rialachán.

(90) Dá bhrí sin, scrúdaigh an Coimisiún go mion na ceannacháin amhábhair agus d'úsáid sé an modh a bhfuil tuairisc air thíos chun an gnáthluach a ríomh. Ceannaíonn SABIC própán ó Saudi Aramco ar phraghas seasta an rialtais (20 %) atá faoi bhun phraghas Seapánach an phrópáin ([6]).

([6]) http://www.jadwa.com/en/download/petrochemicals-and-the-vision-2030/research-13-1-1-1-1-1-1 (a fuarthas an 11 Bealtaine 2021)

(91) Faoi Airteagal 2(5), mír 2 den bhun-Rialachán, mura bhfuil costais a bhaineann le táirgeadh agus díol an táirge faoi imscrúdú léirithe go réasúnach i dtaifid an pháirtí lena mbaineann, coigeartófar iad nó bunófar iad ar chostais na dtairgeoirí nó na n-onnmhaireoirí eile sa tír chéanna, nó, i gcás nach mbeidh an fhaisnéis sin ar fáil nó nach féidir í a úsáid, ar aon bhonn réasúnach eile, lena n-áirítear faisnéis ó mhargaí ionadaíocha eile.

(92) Rinne an Coimisiún amach nár léiríodh go réasúnta costas an phrópáin i dtaifid SABIC de bharr an ghaoil atá aige leis an soláthróir. Dá bhrí sin, choigeartaigh an Coimisiún costas an phrópáin tríd an bpraghas a íocann SABIC le Saudi Aramco a mhéadú chun an liúntas 20 % a bhaint as agus é a thabhair chuig leibhéal an táscaire a úsáideann rialtas Ríocht na hAraibe Sádaí.

(93) Ar bhonn na gcoigeartuithe a rinneadh ar chostais an phrópáin, choigeartaigh an Coimisiún costas na heitiléine a d'úsáid SABIC i gcostas táirgthe MEG.

(94) Ar bhonn chostas coigeartaithe na monaraíochta, léirigh an anailís ar dhíolacháin laistigh den Aontas go raibh níos lú ná 80 % de na díolacháin uile laistigh den Aontas brabúsach agus go raibh an meánphraghas díolachán níos lú ná costas an táirge. Dá réir sin, ríomhadh an gnáthluach mar mheán ualaithe na ndíolachán brabúsach amháin.

3.1.3. *An praghas onnmhairí*

(95) An MEG a onnmhairíodh ón Aontas chuig Ríocht na hAraibe Sádaí, is sé tháirgeoir onnmhairiúcháin a mhonaraigh é agus tá dhá cheann acu ina gcomhfhiontair le ExxonMobil agus SPDC (cuideachta atá gaolmhar do Mitsubishi Corporation). Déantar MEG a onnmhairiú ansin trí thrí líonra éagsúla de tháirgeoirí agus allmhaireoirí gaolmhara san Aontas: ceann amháin le haghaidh SABIC, ceann le haghaidh ExxonMobil agus ceann le haghaidh SPDC.

(96) Rinneadh amach an praghas onnmhairiúcháin ar bhonn an phraghais ar ar athdhíoladh an táirge allmhairithe den chéad uair le custaiméirí neamhspleácha san Aontas i gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán. Sa chás sin, rinneadh coigeartuithe ar an bpraghas le haghaidh gach costais arna dtabhú idir allmhairiú agus athdhíol, lena n-áirítear speansas SGA, agus brabús atá ag carnadh.

(97) Maidir leis an gcorrlach brabúis, ar chúiseanna rúndachta maidir le sonraí na n-allmhaireoirí comhoibríocha, chinn an Coimisiún go sealadach dul i muinín an chorrlaigh brabúis a úsáideadh in imeachtaí a bhí ann roimhe sin a bhain le táirge ceimiceach eile a mhonaraigh tionscal den chineál céanna agus a allmhairíodh faoi dhálaí den chineál céanna, eadhon corrlach brabúis 6,89 % ([7]) a socraíodh san imscrúdú PVA a rinneadh le déanaí. Ag an gcéim seo, is é an corrlach brabúis an bonn is oibiachtúla atá ar fáil chun teacht ar mheastachán sásúil ar phraghas onnmhairiúcháin ar neamhthuilleamaí.

(98) Le linn an imscrúdaithe, chuir an gearánach doiciméadacht isteach a thug cúiseanna dó lena chreidiúint go ndeachaigh Lotte and Mitsubishi isteach i gcineál comhlachais nó socrúcháin cúitimh maidir le dáileadh agus díolacháin MEG, lena n-áirítear san Aontas. Shonraigh an gearánach, gurb amhlaidh, dá thoradh sin, i gcásanna inar cosúil nach bhfuil an praghas onnmhairiúcháin iontaofa mar gheall ar chomhlachas nó socrú cúitimh idir an t-onnmhaireoir agus an t-allmhaireoir nó tríú páirtí, féadfar an praghas onnmhairiúcháin a ríomh ar bhonn an phraghais ar a n-athdhíoltar na táirgí allmhairithe den chéad uair le díoltóir neamhspleách.

(99) Dhiúltaigh Lotte go daingean go bhfuil sé i gcomhlachas le Mitsubishi maidir le dáileadh agus díolacháin MEG, lena n-áirítear san Aontas. Bhí an fhaisnéis a thuairiscigh an gearánach as dáta agus thagair sí do 2015, nuair a bhí an plé ar bun idir Lotte agus Mitsubishi maidir leis an bhféidearthacht go dtosódh siad ar chomhfhiontar ach níor cuireadh an plean sin i gcrích. Dá bhrí sin, níl Lotte agus Mitsubishi gaolmhar le chéile.

(100) Shonraigh Mitsubishi go bhfuil an fhaisnéis dár thagair an gearánach as dáta agus nach bhfuil sé i gcomhlachas le Lotte chun críocha an bhun-Rialacháin. Shoiléirigh sé nach bhfuil aon socrú cúitimh idir Corparáid Mitsubishi agus Lotte a d'fhéadfadh a praghsanna díolachán onnmhairiúcháin MEG chuig Mitsubishi a chur as gnáthchúrsa na trádála.

([7]) Aithris (352) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1336 ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2020 lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála críochnaitheacha ar allmhairí earraí áirithe d'alcóil pholaivinile ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad (IO L 315, 29.9.2020, lch. 1).

(101) De bharr creat ama reachtach an imscrúdaithe, níor scrúdaigh an Coimisiún an cheist sin go hiomlán ag an gcéim seo, agus déanfaidh sé tuilleadh fiosrúcháin faoi scéal seo chun críocha an chinnidh chinntithigh, lena n-áirítear a inghlacthacht.

3.1.4. *Comparáid*

(102) Rinne an Coimisiún comparáid idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha.

(103) I gcás ina raibh údar maith leis mar gheall ar an ngá a bhí le comparáid chothrom a áirithiú, rinne an Coimisiún an gnáthluach agus/nó an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú chun difríochtaí a chur san áireamh lenar ndearnadh difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna, i gcomhréir le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán. Rinneadh coigeartuithe chun árachas intíre, last-táille i Ríocht na hAraibe Sádaí, láimhseáil agus luchtú agus speansas coimhdeachta i Ríocht na hAraibe Sádaí, last-táille farraige, árachas farraige, dleachtanna custaim san Aontas, costas creidmheasa, cúnamh teicniúil, táillí bainc, aisíocaíochtaí deireadh bliana agus liúntais eile a chur san áireamh.

3.1.5. *Corrlach dumpála*

(104) Rinne an Coimisiún comparáid idir gnáth-mheánluach an táirge chomhchosúil agus meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe an táirge lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(105) Maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile i Ríocht na hAraibe Sádaí, bhunaigh an Coimisiún an corrlach dumpála ar na fíorais a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Chuige sin, chinn an Coimisiún leibhéal comhair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin. Is éard atá sa leibhéal comhoibríochta, méid onnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chuig an Aontas arna shloinneadh mar chion d'iomlán na n-allmhairí as Ríocht na hAraibe Sádaí le linn na tréimhse imscrúdaithe a bunaíodh ar shonraí ó Eurostat.

(106) Tá an leibhéal comhoibríochta ard sa chás seo toisc gurb iad allmhairí na dtáirgeoirí onnmhairithe comhoibríocha agus tuairim agus 100 % d'iomlán na n-allmhairí chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe. Ar a bhonn sin, chinn an Coimisiún an corrlach dumpála le haghaidh na gcuideachtaí eile uile a leagan síos ar leibhéal na cuideachta ag a raibh an corrlach dumpála is airde.

(107) Is mar seo a leanas atá na corrlaigh shealadacha dhumpála, arna sloinneadh mar chéatadán den phraghas CAL ag teorainn an Aontais, agus an dleacht neamhíoctha:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach
Saudi Kayan petrochemical company (Saudi Kayan)	11,1 %
Yanbu National Petrochemical Company (Yansab)	11,1 %
Eastern Petrochemical Company (Sharq)	11,1 %
Saudi Yanbu Petrochemical Company (Yanpet)	11,1 %
Arabian Petrochemical Company (Petrokemya)	11,1 %
Jubail United Petrochemical Company (United)	11,1 %
Gach cuideachta eile	11,1 %

3.2. **Stáit Aontaithe Mheiriceá**

3.2.1. *An gnáthluach*

(108) Rinne an Coimisiún scrúdú ar dtús lena fháil amach an raibh an méid iomlán díolachán laistigh den Aontas i gcás gach táirgeora onnmhairiúcháin a sampláilte ionadaíoch, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Is díolacháin ionadaíocha iad na díolacháin laistigh den Aontas má bhí an méid iomlán díolachán an táirge chomhchosúil laistigh den Aontas le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh laistigh den Aontas in aghaidh an táirgeora onnmhairiúcháin comhionann le 5 % ar a laghad de mhéid a dhíolachán onnmhairí iomlán maidir leis an táirge lena mbaineann leis an Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe. Ar an mbonn sin, bhí na díolacháin iomlána a rinne gach táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte maidir leis an táirge comhchosúil ar an margadh intíre ionadaíoch.

(109) Ós rud é nár díoladh ach cineál táirge amháin ar an margadh laistigh den Aontas, agus a onnmhairíodh chuig an Aontas freisin, níor ghá don Choimisiún a sheiceáil a ionadaíche a bhí na samplaí ar leibhéal an chineáil táirge.

(110) Shainigh an Coimisiún ansin sciar na ndíolachán brabúsach le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh laistigh den Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe chun a chinneadh an úsáidfeadh sé díolacháin iarbhír laistigh den Aontas chun an gnáthluach a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 2(4) den bhun-Rialachán.

(111) Tá an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas iarbhír laistigh den Aontas, bídís na díolacháin sin brabúsach nó ná bídís, más amhlaidh:

(a) a bhí an méid díolachán, díolta ar phraghas díolachán glan cothrom leis an costas táirgthe ríofa nó os a chionn, os cionn 80 % den mhéid iomlán díolachán; agus

(b) atá an meánphraghas díolachán ualaithe an chineáil táirge sin cothrom le costas aonaid na táirgeachta nó níos airde ná sin.

(112) Sa chás sin, is é an gnáthluach meán ualaithe na bpraghsanna ar gach díolachán laistigh den Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(113) Is éard atá as gnáthluach, praghas iarbhír laistigh den Aontas na ndíolachán brabúsach amháin le linn na tréimhse imscrúdaithe, más amhlaidh:

(a) is 80 % nó níos lú den mhéid iomlán díolachán é an méid díolachán brabúsach den chineál sin: nó

(b) atá an meánphraghas ualaithe faoi bhun chostas aonaid na táirgeachta.

3.2.2. *Costais a leithdháileadh ar an táirge lena mbaineann*

(114) Ar bhonn leithdháileadh costais mar a d'fheidhmigh an chuideachta roimhe, léirigh an anailís ar dhíolacháin laistigh den Aontas i gcás Lotte Chemicals Louisiana LLC go raibh níos lú ná 80 % de na díolacháin uile laistigh den Aontas brabúsach agus go raibh an meánphraghas díolachán níos lú ná costas an táirge. Dá réir sin, ríomhadh an gnáthluach mar mheán ualaithe na ndíolachán brabúsach amháin.

(115) I gcás MEGlobal Americas Inc, bhí níos lú ná 80 % de na díolacháin uile laistigh den Aontas brabúsach agus bhí an meánphraghas díolachán ní b'airde ná an costas táirge. Dá réir sin, ríomhadh an gnáthluach mar mheán ualaithe na ndíolachán brabúsach amháin.

3.2.3. *An praghas onnmhairí*

(116) D'onnmhairigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte chuig an Aontas go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha nó trí chuideachtaí gaolmhara.

(117) I gcás an táirgeora onnmhairiúcháin a d'onnmhairigh an táirge lena mbaineann go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha, ba é a bpraghas onnmhairiúcháin an praghas a íocadh iarbhír nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge lena mbaineann nuair a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas é, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

(118) I gcás an táirgeora onnmhairiúcháin a d'onnmhairigh an táirge lena mbaineann chuig an Aontas trí chuideachta ghaolmhar a bhí ag gníomhú mar allmhaireoir san Eilvéis, socraíodh an praghas onnmhairiúcháin ar bhonn an phraghais ar a n-athdhíoladh an táirge allmhairithe an chéad uair chuig custaiméirí neamhspleácha san Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán. Sa chás sin, rinneadh coigeartuithe ar an bpraghas le haghaidh na gcostas uile arna dtabhú idir allmhairiú agus athdhíol, lena n-áirítear speansas SGA, agus brabús atá ag carnadh. Maidir leis an bpointe deireanach, cuireadh i bhfeidhm an corrlach brabúis céanna a bhfuil tuairisc air i roinn praghsanna Onnmhairiúcháin de Ríocht na hAraibe Sádaí.

3.2.4. *Ríomh an phraghais onnmhairiúcháin i gcás díol le próiseálaí gaolmhar san Aontas*

(119) I gcás MEGlobal Americas, is le custaiméirí neamhghaolmhara a rinneadh cuid dá ndíolacháin ón allmhaireoir a bhí gaolmhar leo san Aontas, agus, dá bhrí sin, úsáideadh an modheolaíocht i roinn 3.2.3 thuas.

(120) Mar sin féin, rinneadh cuid dá ndíolacháin ón allmhaireoir a bhí gaolmhar leo san Aontas le próiseálaí a bhí gaolmhar le MEG agus a tháirg ansin táirge éagsúil (PET) lena dhíol le páirtithe eile. Chomhoibrigh an próiseálaí gaolmhar leis an imscrúdú agus chuir sé sonraí ar fáil mar a iarradh.

(121) Ós rud é nach raibh aon phraghas athdhíola faoi Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán, leag an Coimisiún síos praghas onnmhairiúcháin faoi "aon bhonn réasúnta", i.e. struchtúr costas PET.

(122) An praghas ar MEG a rinneadh amach ar an gcaoi sin, úsáideadh ansin é leis an modh i roinn 3.2.3 thuas, ós rud é go raibh an t-allmhaireoir gaolmhar páirteach.

3.2.5. *Comparáid*

(123) Rinne an Coimisiún comparáid idir an gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar bhonn an phraghais dhírigh ón monarcha.

(124) I gcás ina raibh údar maith leis mar gheall ar an ngá a bhí le comparáid chothrom a áirithiú, rinne an Coimisiún an gnáthluach agus/nó an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú chun difríochtaí a chur san áireamh a rinne difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna, i gcomhréir le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán. Rinneadh coigeartaithe chun láimhseáil agus luchtú, last-táille sa tír onnmhairiúcháin, iompar farraige, árachas farraige, dleacht chustaim agus táillí allmhairiúcháin eile, last-táille san Aontas, costas creidmheasa, árachas laistigh den Aontas.

3.2.6. *Corrlaigh dhumpála*

(125) I gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, rinne an Coimisiún comparáid idir gnáth-mheánluach an táirge chomhchosúil agus meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe an táirge lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) den bhun-Rialachán.

(126) Ar an mbonn sin, seo a leanas na meánchorrlaigh dhumpála ualaithe shealadacha de bhun Airteagal 2(12), arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL an Aontais, agus an dleacht neamhíoctha:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach
Lotte Chemical Louisiana LLC	8,5 %
MEGlobal Americas Inc	38,3 %

(127) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla, ríomh an Coimisiún an meánchorrlach dumpála ualaithe i gcomhréir le hAirteagal 9(6) den bhun-Rialachán. Bunaíodh an corrlach ar chorrlaigh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte.

(128) Ar an mbonn sin, is é 13,5 % corrlach dumpála sealadach na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla.

(129) Maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile sna Stáit Aontaithe, bhunaigh an Coimisiún an corrlach dumpála ar na fíorais a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Chuige sin, chinn an Coimisiún leibhéal comhair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin. Is éard atá sa leibhéal comhoibríochta, méid onnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chuig an Aontas arna shloinneadh mar chion d'iomlán na n-allmhairí as Ríocht na hAraibe Sádaí le linn na tréimhse imscrúdaithe a bunaíodh ar shonraí ó Eurostat.

(130) Sa chás seo, tá allmhairí na dtáirgeoirí onnmhairithe comhoibríocha cothrom le tuairim agus 59 % d'iomlán na n-allmhairí chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe. Ar a bhonn sin, chinn an Coimisiún an corrlach dumpála iarmhair a leagan síos ar leibhéal an chorrlaigh a leagadh síos le haghaidh an ghrúpa ionadaíoch is mó d'idirbhearta in aghaidh an chustaiméir a rinne an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch ag a raibh an corrlach dumpála is airde.

(131) Is mar seo a leanas atá na corrlaigh shealadacha dhumpála, arna sloinneadh mar chéatadán den phraghas CAL ag teorainn an Aontais, agus an dleacht neamhíoctha:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach
Lotte Chemical Louisiana LLC	8,5 %
MEGlobal Americas Inc	38,3 %
Cuideachtaí comhoibríocha eile	13,5 %
Gach cuideachta eile	52,0 %

4. DÍOBHÁIL

4.1. **An sainmhíniú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeadh an Aontais**

(132) Rinne níos mó ná 12 tháirgeoir nó naoi ngrúpa táirgeoirí san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse imscrúdaithe. Is iad "tionscal an Aontais" iad de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(133) Maidir le táirgeacht iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdaithe, rinneadh amach gur tuairim agus 942 911 tona a bhí ann. Bhunaigh an Coimisiún an figiúr ar an bhfaisnéis uile a bhí ar fáil maidir le tionscal an Aontais, amhail sonraí an ghearánaigh a cros-seiceáladh ó thaobh iontaofachta agus iomláine de i dtaca le faisnéis a chuir táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais ar fáil. Rinne an gearánach meastachán shonraí na tháirgeoirí neamh-chomhoibríocha de chuid an Aontais ar bhonn faisnéis faoin margadh. Mar a léirítear in aithris (58), is ó na trí tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais a tháinig 64,1 % de tháirgeacht iomlán an Aontais maidir leis an táirge comhchosúil.

(134) De réir Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán, maidir le táirgeoirí atá gaolmhar d'onnmhaireoirí nó allmhaireoirí Sádacha agus/nó Meiriceánach a onnmhairíonn an táirge a bhfuil sé líomhainte gur dumpáladh é, is féidir iad a eisiamh ó thionscal an Aontais. Sainítear in Airteagal 4(2) cathain atáthar lena mheas go bhfuil baint ag táirgeoirí le honnmhaireoirí nó allmhaireoirí.

(135) Mhaígh SABIC go raibh ceann de na gearánaigh ag síorallmhairiú MEG ó Ríocht na hAraibe Sádaí, agus, dá bhrí sin, nár cheart é a mheas mar tháirgeoir de chuid an Aontais.

(136) Nocht an t-imscrúdú nach é an táirgeoir MEG ina cháil féin a bhí ag allmhairiú MEG ó Ríocht na hAraibe Sádaí, ach dhá chuideachta a bhí gaolmhar leis. Is méideanna an-bheag MEG a d'onnmhairigh na cuideachtaí gaolmhara sin ó Ríocht na hAraibe Sádaí le linn na tréimhse imscrúdaithe, chun cur lena soláthairtí ó am go chéile. Is úsáideoirí MEG iad na cuideachtaí gaolmhara sin. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh aon chúis ann leis an táirgeoir sin a eisiamh ó thionscal an Aontais.

(137) Mhaígh Mitsubishi go raibh ceann de na gearánaigh ag síorallmhairiú MEG ó na tíortha lena mbaineann, agus, dá bhrí sin, nár cheart é a mheas mar tháirgeoir de chuid an Aontais.

(138) Nocht an t-imscrúdú nár allmhairigh an chuideachta an táirge lena mbaineann ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse imscrúdaithe. Níor tugadh isteach roimhe sin ach méid beag allmhairí chun cur lena dtáirgeacht ó am go chéile. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh aon chúis ann leis an táirgeoir sin a eisiamh ó thionscal an Aontais.

(139) Mhaígh SABIC freisin go raibh cuideachta ann a bhí gaolmhar le táirgeoir tacaíochta a d'allmhairigh MEG ó Ríocht na hAraibe Sádaí freisin. Níor chomhoibrigh an chuideachta agus ní raibh aon fhianaise eile ar fáil lenarbh fhéidir leis an gCoimisiún teacht ar an gconclúid gur cheart é a eisiamh ón sainmhíniú ar thionscal an Aontais. Ar aon nós, dá n-eisiafaí an chuideachta sin, ní bheadh tionchar ábhartha aige sin ar dhéanamh amach na díobhála agus an naisc chúisíoch, mar go raibh sé chomh beag sin.

(140) D'imscrúdaigh an Coimisiún freisin an gaol atá ann cheana idir tionscal an Aontais agus onnmhaireoirí nó onnmhaireoirí an táirge lena mbaineann. Léirigh an t-imscrúdú go bhfuil an táirgeoir MEG Sádach ar cheann de phríomh-scairshealbhóirí táirgeora neamh-chomhoibríoch agus go bhfuil dhá cheann nó níos mó de tháirgeoirí neamh-chomhoibríocha an Aontais faoi úinéireacht táirgeoirí MEG de chuid na Stát Aontaithe. Ós rud é nár chomhoibrigh na cuideachtaí sin agus nach raibh fianaise eile ar fáil faoi sin, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún teacht ar an gconclúid gur cheart iad a eisiamh ón sainmhíniú ar thionscal an Aontais.

4.2. **Margadh ábhartha an Aontais a dhéanamh amach**

(141) Chun a dhéanamh amach cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh díobháil do thionscal an Aontais agus chun an tomhaltas agus na táscairí eacnamaíocha éagsúla i ndáil le staid thionscal an Aontais a dhéanamh amach, scrúdaigh an Coimisiún an cheist ar ghá, agus an méid ba ghá, an úsáid a bhainfí dá éis sin as táirgeacht thionscal an Aontais maidir leis an táirge comhchosúil a chur san áireamh san anailís.

(142) Chun léargas a bheadh chomh hiomlán agus is féidir a sholáthar ar thionscal an Aontais, fuair an Coimisiún sonraí le haghaidh na gníomhaíochta iomláine maidir le MEG agus rinne sé amach an raibh an táirgeacht dírithe ar úsáid faoi chuing nó ar an saormhargadh.

(143) Rinne an Coimisiún amach go raibh tuairim agus 7 % de thomhaltas iomlán an Aontais faoi chuing le linn na tréimhse imscrúdaithe mar a léirítear i dTábla 1 thíos. Tháinig laghdú 28 % ar an tomhaltas faoi chuing le linn na tréimhse a measadh.

(144) Tá an t-idirdhealú idir margadh faoi chuing agus margadh saor ábhartha a mhéid a bhaineann le hanailís díobhála mar go bhfuil táirgí a bhfuil sé beartaithe úsáid faoi chuig a bhaint astu cosanta ar iomaíocht dhíreach ó allmhairí. Os a choinne sin, tá an táirgeadh atá dírithe ar dhíol ar an margadh saor in iomaíocht go díreach le hallmhairí an táirge lena mbaineann.

(145) Tá ceann de na táirgeoirí MEG sampláilte ag malartú cuid dá tháirgeacht MEG ar mhéid coibhéiseach ocsaíde eitiléine faoi chonradh malartaithe fhadtéarmaí ina bhfuil táille comhshó a cuireadh ar bun tráth a síníodh an conradh malartaithe. Tá méid na coda MEG den chonradh sin san áireamh sa mheasúnú ar na táscairí maicreacnamaíocha, ach tá siad curtha as an áireamh sna táscairí maicreacnamaíocha mar nach bhfuil an táille comhshó a fuair táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais bunaithe ar dhálaí margaidh. Mar sin féin, dá gcuirfí na díolacháin faoin gcomhaontú malartaithe san áireamh sa mheasúnú ar na táscairí micreacnamaíocha, ní dhéanfaí difear don treocht bhrabúsachta ná don chonclúid go ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais mar a sonraíodh in aithrisí (197) agus (206).

(146) Scrúdaigh an Coimisiún táscairí eacnamaíocha áirithe a bhaineann le tionscal an Aontais ar bhonn sonraí le haghaidh an mhargaidh shaoir. Is iad na táscairí sin: méid díolachán agus praghsanna díola ar mhargadh an Aontais, an sciar den mhargadh, an fás, an méid onnmhairiúcháin agus praghsanna onnmhairiúcháin, an bhrabúsacht, an toradh ar infheistíocht agus an sreabhadh airgid. I gcás inarbh fhéidir agus ina raibh údar leis, cuireadh torthaí an scrúdaithe i gcomparáid leis na sonraí le haghaidh an mhargaidh faoi chuing chun léargas iomlán a thabhairt ar staid thionscal an Aontais.

(147) Mar sin féin, ní fhéadfaí scrúdú fóinteach a dhéanamh ar tháscairí eacnamaíocha eile ach amháin trí thagairt a dhéanamh don ghníomhaíocht iomlán, lena n-áirítear úsáid faoi chuing thionscal an Aontais. Is iad sin: an táirgeacht, an acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, infheistíochtaí, stoic, an fhostaíocht, an táirgiúlacht, an pá agus cumas chun caipiteal a chruinniú. Tá siad ag brath ar an ngníomhaíocht iomlán, cibé acu atá an táirgeacht faoi chuing nó a dhíoltar ar an saormhargadh í.

4.3. **Tomhaltas an Aontais**

(148) Bhunaigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar iomlán dhíolacháin an Aontais mar a rinne an gearánach amach móide allmhairí ó na tríú tíortha uile mar a taifeadadh in Eurostat.

(149) D'fhorbair tomhaltas an Aontais mar seo a leanas:

Tábla 1
Tomhaltas an Aontais (tonaí)

	2017	2018	2019	An tréimhse imscrúdaithe
Tomhaltas iomlán an Aontais	1 687 120	1 765 864	1 755 524	1 624 170
Innéacs	*100*	*105*	*104*	*96*
An margadh faoi chuing	164 452	163 791	140 637	119 102
Innéacs	*100*	*100*	*86*	*72*
An saormhargadh	1 522 668	1 602 073	1 614 888	1 505 068
Innéacs	*100*	*105*	*106*	*99*

Foinse: Eurostat, an gearánach

(150) Ar an iomlán bhí an tomhaltas ar an margadh saor san Aontas réasúnta cobhsaí; tháinig ísliú 1 % air. Ó 2017 go 2019 tháinig méadú 6 % ar mhargadh an Aontais, ó 1 522 668 dtona go 1 614 888 dtona, sular tháinig ísliú 6,8 % air le linn na tréimhse imscrúdaithe gur shroich sé 1 505 068 dtona, beagnach an leibhéal céanna a bhí ann in 2017.

4.4. **Allmhairí ó na tíortha lena mbaineann**

4.4.1. *Measúnú carnach ar éifeachtaí allmhairí ó na tíortha lena mbaineann*

(151) Scrúdaigh an Coimisiún an cheist ar cheart measúnú carnach a dhéanamh ar allmhairí MEG de thionscnamh na dtíortha lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 3(4) den bhun-Rialachán.

(152) Sonraítear san fhoráil sin nach ndéanfar measúnú carnach ar allmhairí ó níos mó ná tír amháin ach amháin má dhéantar amach:

(a) go bhfuil an corrlach dumpála arna dhéanamh amach i ndáil leis na hallmhairí ó gach tír níos mó ná *de minimis* mar a shainmhínítear in Airteagal 9(3) agus nach diomaibhseach méid na n-allmhairí ó gach tír faoi leith; agus

(b) gurb iomchuí measúnú carnach a dhéanamh ar éifeachtaí na n-allmhairí i bhfianaise na ndálaí iomaíochta idir na táirgí allmhairithe agus na táirgí allmhairithe agus táirge comhchosúil an Aontais.

(153) Bhí na corrlaigh dhumpála a rinneadh amach i leith allmhairí ó na Stáit Aontaithe agus ó Ríocht na hAraibe Sádaí os cionn na tairsí *de minimis* a leagtar síos in Airteagal 9(3) den bhun-Rialachán. Níor dhiomaibhseach an méid allmhairí ó gach ceann de na tíortha lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 5(7) den bhun-Rialachán. Go deimhin, maidir le sciaranna den mhargadh le linn na tréimhse imscrúdaithe, 16,7 % ag allmhairí ó na Stáit Aontaithe agus 24,2 % ag allmhairí ó Ríochta na hAraibe Sádaí.

(154) Na dálaí iomaíochta idir na hallmhairí dumpáilte ó na Stáit Aontaithe agus ó Ríocht na hAraibe Sádaí agus idir na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann agus an táirge comhchosúil, bhí siad cosúil le chéile. Le bheith níos sonraí, bíonn na táirgí allmhairithe in iomaíocht dhian le chéile agus leis an MEG arna tháirgeadh san Aontas mar go bhfuil MEG ina thráchtearra atá an-phraghas-íogair agus aonchineálach agus go ndíoltar é le catagóirí custaiméirí atá cosúil le chéile. Cé gur féidir go bhfuil roinnt difríochtaí ann ó thaobh cainéil díola de (díolann tionscal an Aontais go díreach leis na custaiméirí neamhghaolmhara; díolann táirgeoirí onnmhairiúcháin na Stát Aontaithe go díreach nó trí allmhaireoirí/trádálaithe gaolmhara agus díolann na táirgeoirí onnmhairiúcháin Sádacha trí allmhaireoirí/trádálaithe gaolmhara den chuid is mó) tá an iomaíocht bunaithe den chuid is mó ar an bpraghas is ísle agus ní ar na cainéil díola sin.

(155) Lena chois sin, díoladh allmhairí ón dá thír ar phraghsanna i bhfad faoi bhun chostais thionscal an Aontais, mar a sonraíodh in aithris (211), sa chaoi gur chuir siad ar bhealach comhchosúil leis an ísliú praghsanna a tháinig ar thionscal an Aontais de réir na tuairisce in aithrisí (188) go (190).

(156) Dá bhrí sin, comhlíonadh na critéir eile a leagtar amach in Airteagal 3(4) den bhun-Rialachán agus scrúdaíodh allmhairí ó na Stáit Aontaithe agus ó Ríocht na hAraibe Sádaí go carnach chun an díobháil a dhéanamh amach.

(157) Mhaígh SABIC nár cheart na hallmhairí ó Ríocht na hAraibe Sádaí a charnadh leis na hallmhairí ó na Stáit Aontaithe mar (i) gur lean allmhairí ó Ríocht na hAraibe Sádaí agus ó na Stáit Aontaithe treochtaí éagsúla; (ii) go raibh "meánluach aonaid na n-allmhairí" Ríocht na hAraibe Sádaí 5 % níos airde ná an luach céanna i gcás allmhairí ó na Stáit Aontaithe; (iii) go ndíolann táirgeoirí Sádacha agus táirgeoirí de chuid na Stát Aontaithe MEG leis an Aontas trí chainéil éagsúla agus ar phraghsanna éagsúla.

(158) Dhiúltaigh an Coimisiún na maímh sin. Ní mór an cinneadh ar cheart nó nár cheart allmhairí a mheasúnú go carnach a bhunú ar na critéir a leagtar amach in Airteagal 3(4) den bhun-Rialachán, critéir atá comhlíonta sa chás seo de réir mar a chuirtear le fios in aithrisí (153) go (155). Níl aon chúis sna gnéithe a d'ardaigh SABIC le bheith in amhras faoina oiriúnaí atá sé allmhairí ó Ríocht na hAraibe Sádaí agus ó na Stáit Aontaithe a scrúdú le chéile.

4.4.2. *An méid allmhairí ó na tíortha lena mbaineann agus a sciar den mhargadh*

(159) Rinne an Coimisiún méid na n-allmhairí amach ar bhonn sonraí ó Eurostat. Rinneadh amach an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí tríd an méid allmhairí a chur i gcomparáid le tomhaltas an Aontais.

(160) D'fhorbair na hallmhairí isteach san Aontas ó na tíortha lena mbaineann mar seo a leanas:

Tábla 2
Méid na n-allmhairí (tonaí) agus an sciar den mhargadh

	2017	2018	2019	An tréimhse imscrúdaithe
An méid allmhairí ón tír lena mbaineann (tonaí)	481 466	574 965	703 348	663 835
Innéacs	*100*	*119*	*146*	*138*
An sciar den mhargadh (%)	31,6	35,9	43,6	44,1
Innéacs	*100*	*114*	*138*	*139*
An méid allmhairí ó Stáit Aontaithe Mheiriceá (tonaí)	57 919	73 681	209 013	270 508
Innéacs	*100*	*127*	*361*	*467*
An sciar den mhargadh (%)	3,8	4,6	12,9	18,0
Innéacs	*100*	*121*	*340*	*473*
An méid allmhairí ó Ríocht na hAraibe Sádaí (tonaí)	423 547	501 284	494 335	393 327
Innéacs	*100*	*118*	*117*	*93*
An sciar den mhargadh (%)	27,8	31,3	30,6	26,1
Innéacs	*100*	*112*	*110*	*94*

Foinse: Eurostat

(161) Tháinig méadú 38 % ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse a measadh. Bhí an méadú ar an sciar den mhargadh ní ba mhó arís mar gur tháinig méadú 12,5 pointe céatadáin ar an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí lena mbaineann, ó 31,6 % in 2017 go 44,1 % le linn na tréimhse imscrúdaithe. Ó bhí an tomhaltas réasúnta cobhsaí le linn na tréimhse imscrúdaithe i gcomparáid le 2017, is léir go ndearna an méadú tobann ar an sciar den mhargadh a bhí ag na tíortha lena mbaineann dochar do na rannpháirtithe eile sa mhargadh, go háirithe tionscal an Aontais.

4.4.3. *Praghsanna na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann agus sladghearradh praghais*

(162) Rinne an Coimisiún amach praghsanna na n-allmhairí ar bhonn sonraí ó Eurostat. Tá sé tábhachtach a shoiléiriú gurbh fhéidir go mbeadh difear idir leibhéal na bpraghsanna staidrimh sin agus praghsanna fíoraithe i gcás táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sa cháil sin mar go ndéantar an chuid is mó den allmhairiú ó na ó na tíortha lena mbaineann trí allmhaireoirí/trádálaithe. Tá an fhaisnéis faoi sin ag teacht leis na treochtaí agus na leibhéil ghinearálta thíosluaite.

(163) D'fhorbair meánphraghas allmhairí isteach san Aontas ó na tíortha lena mbaineann mar seo a leanas:

Tábla 3
Praghsanna allmhairí (EUR/tona)

	2017	2018	2019	An tréimhse imscrúdaithe
Stáit Aontaithe Mheiriceá	747	775	508	441
Innéacs	*100*	*104*	*68*	*59*
Ríocht na hAraibe Sádaí	704	746	545	470
Innéacs	*100*	*106*	*77*	*67*
Tíortha lena mbaineann	709	749	534	458
Innéacs	*100*	*106*	*75*	*65*

Foinse: Eurostat

(164) Tháinig laghdú 35 % ar mheánphraghas allmhairí ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse a measadh. Is amhlaidh a d'ísligh praghsanna allmhairí ón dá thír, i.e. ísliú 41 % i gcás na Stát Aontaithe agus ísliú 33 % i gcás Ríocht na hAraibe Sádaí le linn na tréimhse a measadh. Ba léir an t-ísliú sin go háirithe ó 2018 go 2019 nuair a chuir táirgeoirí onnmhairiúcháin na Stát Aontaithe méadú 8,3 pointe céatadán lena sciar den mhargadh, rud a chuaigh chun dochair do thionscal an Aontais agus gur choinnigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin Sádacha a sciar den mhargadh ar bun trí phraghsanna a ísliú chomh maith, ar dhóigh an-suntasach freisin.

(165) Rinne an Coimisiún amach an sladghearradh praghais le linn na tréimhse imscrúdaithe tríd an méid seo a leanas a chur i gcomparáid:

— na meánphraghsanna díolachán ualaithe in aghaidh chineál táirge na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, praghsanna a gearradh ar chustaiméirí neamhghaolmhara ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú de réir leibhéal díreach ón monarcha; agus

— meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha in aghaidh an chineáil táirge a allmhairíodh ó na táirgeoirí Sádacha agus táirgeoirí sampláilte na Stát Aontaithe chuig an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, arna mbunú ar costais, árachais agus last-táille (CAL), mar aon le coigeartuithe iomchuí ar dhleachtanna custaim agus ar chostais iar-allmhairiúcháin.

(166) Rinneadh an chomparáid praghsanna ar bhonn cineál ar chineál idirbhearta ar an leibhéal trádála céanna, arna gcoigeartú go cuí i gcás inar gá, agus tar éis lacáistí agus lascainí a asbhaint. Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas teoiriciúil na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse imscrúdaithe. Léirigh sé meán-chorrlach sladghearrtha ualaithe [10,7 – 13,0] % i gcás na n-allmhairí ó Ríocht na hAraibe Sádaí cé nach raibh aon sladghearradh ann ó allmhairí ó na Stáit Aontaithe ar bhonn meáin ualaithe i leith idirbhearta uile an dá chuideachta Mheiriceánacha lena mbaineann.

(167) Le linn na tréimhse imscrúdaithe, agus praghsanna díolachán á gcur i gcomparáid le chéile de réir an chineáil i gcás idirbhearta ar aon leibhéal trádála, rinne allmhairí ó na tíortha lena mbaineann sladghearradh [7,6 – 9,3] % ar an meán ar phraghsanna thionscal an Aontais.

(168) Ós rud é gur tráchtearra é an táirge lena mbaineann agus go bhfuil an iomaíocht bunaithe den chuid is mó ar an bpraghas amháin agus go bhfuil a phraghsanna an-trédhearcach (i.e. ar eolas sa mhargadh), meastar go bhfuil na corrlaigh sin suntasach. Má bhíonn difríocht phraghais íseal ann, malartóidh an ceannaitheoir soláthróirí. Dheimhnigh freagraí na n-úsáideoirí sin freisin. Thairis sin, mar a léirítear i dtáblaí 3 agus 7, bhí praghas na n-allmhairí ón dá thír lena mbaineann faoi bhun chostas táirgthe thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdaithe.

4.5. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.5.1. *Barúlacha ginearálta*

(169) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, chuimsigh an scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar thionscal an Aontais measúnú ar gach toscaire eacnamaíoch a raibh tionchar aige ar staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse a measadh.

(170) Mar a luaitear in aithris (58), baineadh úsáid as sampláil chun a chinneadh an ndearnadh aon díobháil do thionscal an Aontais.

(171) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn na sonraí san fhreagra ar an gceistneoir a chuir an gearánach isteach. Bhain na sonraí leis na táirgeoirí uile de chuid an Aontais. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sna freagraí ar an gceistneoir ó na trí tháirgeoir ón Aontas a sampláladh. Maidir leis an dá thacar sonraí, cinneadh go raibh siad ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal de chuid an Aontais.

(172) Seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, an méid díolachán, an sciar den mhargadh, fás, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil a rinneadh roimhe seo.

(173) Seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a shlógadh.

4.5.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.5.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(174) Is mar a seo a leanas a d'fhorbair táirgeacht iomlán, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneacht an Aontais le linn na tréimhse a measadh:

Tábla 4
Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2017	2018	2019	An tréimhse imscrúdaithe
An méid táirgeachta (tonaí)	1 165 543	1 171 349	997 626	942 911
Innéacs	*100*	*100*	*86*	*81*
An acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	1 521 000	1 521 000	1 521 000	1 478 500
Innéacs	*100*	*100*	*100*	*97*
Úsáid acmhainneachta (%)	76,6	77,0	65,6	63,8
Innéacs	*100*	*100*	*86*	*83*

Foinse: freagra fioraithe an ghearánaigh ar an gceistneoir

(175) Bhí méid táirgeachta thionscal an Aontais measartha cobhsaí go dtí 2018, ansin tháinig laghdú 14,4 % air in 2019 i gcomparáid le 2018, agus tháinig laghdú 5,4 % air le linn na tréimhse imscrúdaithe i gcomparáid le 2019. Tharla an laghdú sin ar an méid táirgeachta i gcomhthráth leis an méadú suntasach ar an méid allmhairí agus leis an laghdú ar phraghsanna allmhairí a bhí ann in 2019, mar a léirítear i dTáblaí 2 agus 3 thuas. Tháinig laghdú foriomlán 19 % ar an méid táirgeachta le linn na tréimhse a measadh.

(176) D'fhan an acmhainneacht táirgeachta cobhsaí nach mór le linn na tréimhse a measadh. Tháinig laghdú beag uirthi le linn na tréimhse imscrúdaithe mar gheall ar thionóisc i ngléasra de chuid cheann de na táirgeoirí san Aontas in Eanáir 2020 ([8]).

(177) Léirigh an úsáid acmhainneachta treocht an mhéid táirgeachta agus tháinig laghdú 13 phointe céatadán uirthi le linn na tréimhse a measadh.

4.5.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(178) Le linn na tréimhse a measadh, is mar a leanas a d'fhorbair an méid díolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh:

Tábla 5
An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

	2017	2018	2019	An tréimhse imscrúdaithe
An méid iomlán díolachán ar mhargadh an Aontais – díolacháin shaora agus díolacháin faoi chuing araon (tonaí)	1 106 652	1 105 241	972 515	889 779
Innéacs	*100*	*100*	*88*	*80*
Sciar den mhargadh (%)	65,6	62,6	55,4	54,8
Innéacs	*100*	*95*	*84*	*84*
Díolacháin ar an margadh faoi chuing (tonaí)	164 452	163 791	140 637	119 102

([8]) https://www.icis.com/explore/resources/news/2020/01/16/10459681/explosion-at-reactor-caused-iqoxe-s-blast-death-toll-rises-to-three

Innéacs	*100*	*100*	*86*	*72*
An sciar den mhargadh a bhí ag díolacháin ar an margadh faoi chuig (%)	9,7	9,3	8,0	7,3
Innéacs	*100*	*95*	*82*	*75*
Díolacháin ar an saormhargadh (tonaí)	942 200	941 449	831 878	770 677
Innéacs	*100*	*100*	*88*	*82*
An sciar den mhargadh a bhí ag díolacháin ar an saormhargadh (%)	61,9	58,8	51,5	51,2
Innéacs			*83*	*83*

Foinse: Eurostat, freagra fioraithe an ghearánaigh ar an gceistneoir

(179) Tháinig laghdú 20 % ar an méid iomlán díolachán san Aontas le linn na tréimhse a measadh. Thosaigh an laghdú sin in 2019 agus tharla sé i gcomhthéacs an mhéadaithe shuntasaigh chomhuainigh ar an méid allmhairí ó na tíortha lena mbaineann.

(180) Tháinig laghdú 28 % ar dhíolacháin ar an margadh faoi chuing freisin le linn na tréimhse a measadh.

(181) Le linn na tréimhse a measadh, tháinig laghdú 18 % ar mhéid iomlán na ndíolachán a bhí ag tionscal an Aontais ar an margadh saor. Is é a bhí mar thoradh ar threocht dhíolacháin thionscal an Aontais gur tháinig laghdú 8,3 pointe céatadáin ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais, ó 55,8 % in 2017 go 47,5 % le linn na tréimhse imscrúdaithe. Le linn na tréimhse céanna, tháinig méadú ar an sciar den mhargadh a bhí ag na tíortha lena mbaineann ó 31,6 % in 2017 go 44,1 % sa tréimhse imscrúdaithe, eadhon méadú de bhreis agus 12,5 pointe céatadáin, mar a shonraítear in aithris (161).

4.5.2.3. Fás

(182) Léiríonn na figiúirí thuas maidir le táirgeacht, an méid díolachán agus an sciar den mhargadh nach raibh tionscal an Aontais in ann fás, i ndearbhthéarmaí, sin nó i ndáil leis an tomhaltais, le linn na tréimhse a measadh.

4.5.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(183) Is mar seo a leanas a d'fhorbair an fhostaíocht agus an táirgiúlacht le linn na tréimhse a measadh:

Tábla 6
An fhostaíocht agus an táirgiúlacht

	2017	2018	2019	An tréimhse imscrúdaithe
An líon fostaithe	91	91	88	84
Innéacs	*100*	*100*	*97*	*92*
Táirgiúlacht (tonaí/fostaí)	12 868	12 907	11 372	11 159
Innéacs	*100*	*100*	*88*	*87*

Foinse: freagra fioraithe an ghearánaigh ar an gceistneoir

(184) Ó tharla imthosca an mhargaidh ag dul in olcas, tháinig laghdú 8 % ar líon na bhfostaithe i dtionscal an Aontais le linn na tréimhse a measadh. Ina theannta sin, de réir mar a tháinig laghdú fós ar an táirgeacht, tháinig laghdú 13 % ar an táirgiúlacht le linn na tréimhse a measadh.

4.5.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil a rinneadh roimhe seo

(185) Bhí gach corrlach dumpála os cionn an leibhéal *de minimis*. Ba mhór an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála ar thionscal an Aontais, i bhfianaise mhéid agus phraghsanna na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann agus íogaireacht ard phraghais an táirge lena mbaineann.

(186) Is é seo an chéad imscrúdú frithdhumpála maidir leis an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, ní raibh aon sonraí ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na dumpála a d'fhéadfadh a bheith ann san am a chuaigh thart.

4.5.3. Táscairí micreacnamaíocha ([9])

4.5.3.1. Praghsanna agus fachtóirí a mbíonn tionchar acu ar phraghsanna

(187) Is mar seo a leanas a d'fhorbair meánphraghsanna díola aonaid ualaithe na dtáirgeoirí sampláilte ón Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas le linn na tréimhse a measadh:

Tábla 7
Praghsanna díola san Aontas

	2017	2018	2019	An tréimhse imscrúdaithe
An meánphraghas díola aonaid san Aontas ar an margadh iomlán (EUR/tona)	[688 - 841]	[722 - 882]	[509 - 622]	[418 - 511]
Innéacs	*100*	*105*	*74*	*61*
An meánphraghas díola aonaid ar an margadh faoi chuing (EUR/tona)	[652 - 796]	[706 - 862]	[509 - 623]	[446 - 545]
Innéacs	*100*	*108*	*78*	*68*
An meánphraghas díola aonaid ar an saormhargadh (EUR/tona)	[688 - 841]	[722 - 883]	[508 - 620]	[415 - 507]
Innéacs	*100*	*105*	*74*	*60*
Costas aonaid na táirgeachta (EUR/tona)	[552 - 675]	[568 - 694]	[557 - 681]	[478 - 584]
Innéacs	*100*	*103*	*101*	*87*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte an Aontais

(188) Tháinig laghdú 40 % ar mheánphraghas díola aonaid de chuid na dtáirgeoirí ón Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas le linn na tréimhse measadh. Tharla an t-ísliú is mó ar phraghsanna bliain ar bhliain in 2019, nuair a tháinig méadú 38 % ar na hallmhairí ar phraghas íseal ó na tíortha lena mbaineann agus bhí an tomhaltas sách seasmhach.

(189) Bhí costas aonaid táirgthe na dtáirgeoirí sampláilte cobhsaí go leor sa tréimhse 2017-2019, agus ansin laghdaigh sé sa tréimhse imscrúdaithe, cé go raibh sé ag ráta níos ísle ná an praghas díolacháin, go príomha mar gheall ar chostas níos ísle eitiléine, an príomh-amhábhar a úsáidtear chun MEG a mhonarú.

(190) Léiríonn sé sin an brú suntasach ar phraghsanna arb é is toradh ar an méadú mór ar mhéid na n-allmhairí ar phraghsanna dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann.

([9]) Na sonraí ó chuideachtaí sampláilte an Aontais sa rialachán seo, cuirtear i láthair i raonta iad i ngeall ar an mbaol go ndéanfadh cuideachta shampláilte ais-innealtóireacht ar shonraí a n-iomaitheoirí, go háirithe ós rud é gur cuideachtaí gaolmhara iad dhá cheann de na trí chuideachta sampláilte.

4.5.3.2. Costais saothair

(191) Is mar seo a leanas a d'fhorbair meánchostais saothair na dtáirgeoirí sampláilte ón Aontas le linn na tréimhse a measadh:

Tábla 8
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2017	2018	2019	An tréimhse imscrúdaithe
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	[94 277 - 115 227]	[95 581 - 116 821]	[100 232 - 122 506]	[98 732 - 120 672]
Innéacs	*100*	*101*	*106*	*105*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte an Aontais

(192) Tháinig méadú 5 % ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí sampláilte ón Aontas le linn na tréimhse a measadh. Is é boilsciú agus méadú beag bliantúil ar thuarastail na bhfostaithe atá ag obair sa tionscal ceimiceach is cúis leis an méadú sin den chuid is mó.

4.5.3.3. Fardail

(193) Is mar seo a leanas a d'fhorbair leibhéil stoic na dtáirgeoirí sampláilte ón Aontas le linn na tréimhse a measadh:

Tábla 9
Fardail

	2017	2018	2019	An tréimhse imscrúdaithe
Stoic dheiridh (tonaí)	[12 167 – 14 871]	[29 408 – 35 944]	[16 833 – 20 573]	[17 231 – 21 060]
Innéacs	*100*	*242*	*138*	*142*
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht (%)	[1,7 – 2,0]	[4,0 – 4,9]	[2,6 – 3,2]	[2,7 – 3,3]
Innéacs	*100*	*239*	*155*	*162*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte an Aontais

(194) Tháinig méadú 42 % ar stoic deiridh na dtáirgeoirí sampláilte ón Aontas le linn na tréimhse a measadh.

(195) Ina theannta sin, tháinig méadú 62 % ar na stoic mar chéatadán táirgeachta le linn na tréimhse a measadh.

4.5.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus cumas caipiteal a shlógadh

(196) Seo a leanas mar a tháinig forbairt ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí tháirgeoirí samplála de chuid an Aontais le linn na tréimhse a measadh:

Tábla 10
Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí

	2017	2018	2019	An tréimhse imscrúdaithe
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara (% de láimhdeachas na ndíolachán)	[16,7 – 20,5]	[18,6 – 22,7]	[- 8,3 – -10,2]	[-10,8 – - 13,2]

Innéacs	*100*	*111*	*-50*	*-64*
Sreabhadh airgid (míle EUR)	[60 866 – 74 392]	[60 197 – 73 574]	[- 7 005 – - 8 562]	[- 16 409 – - 20 056]
Innéacs	*100*	*99*	*-12*	*-27*
Infheistíochtaí (míle EUR)	[5 613 – 6 860]	[1 316 – 1 609]	[1 926 – 2 354]	[2 055 – 2 512]
Innéacs	*100*	*23*	*34*	*37*
Toradh ar infheistíochtaí (%)	[177 – 216]	[194 – 237]	[-34 – -41]	[-27 – -34]
Innéacs	*100*	*110*	*-19*	*-16*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte an Aontais

(197) Shuigh an Coimisiún brabúsacht tháirgeoirí sampláilte an Aontais trí ghlanbhrabús roimh cháin ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin. Tháinig meath mór ar an mbrabúsacht le linn na tréimhse a measadh ó 2019 i leith mar gheall ar an bhforbairt sna meánphraghsanna díolacháin agus sa chostas táirgthe a shonraítear in aithrisí (188) agus (189). Faoi bhrú na méideanna móra allmhairí ó na tíortha lena mbaineann, bhí ar thionscal an Aontais na praghsanna díolacháin a laghdú go suntasach faoi bhun an chostais táirgthe, agus ar an gcaoi sin cláraíodh mórchaillteanais idir 10,8 % agus 13,2 % le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(198) Is ionann an sreabhadh airgid glan agus cumas tháirgeoirí an Aontais a gcuid gníomhaíochtaí a mhaoiniú iad féin. D'fhorbair an treocht sa ghlansreabhadh airgid i gcomhréir leis an treocht sa bhrabúsacht go ginearálta. Go dtí 2018, ghin táirgeoirí sampláilte an Aontais sreabhadh dearfach airgid, ach ó 2019 i leith thuairiscigh siad comhardú airgid a bhí ag éirí níos diúltaí de réir a chéile. Tháinig laghdú foriomlán 127 % ar an sreabhadh airgid le linn na tréimhse a measadh. I ngeall air sin, cuireadh cumas thionscal an Aontais a chuid oibríochtaí féin a mhaoiniú i mbaol.

(199) Tháinig laghdú 67 % ar infheistíochtaí le linn na tréimhse a measadh freisin. Rinneadh beagnach gach infheistíocht chun teacht in ionad sócmhainní seasta a bhí imithe i léig. Is beag infheistíocht a bhí dírithe ar acmhainneacht a mhéadú nó ar éifeachtúlacht a mhéadú, rud a léirigh nach raibh gealladh faoin margadh toisc an sciar den mhargadh agus an bhrabúsacht a bheith ag dul i laghad.

(200) Is é an toradh ar infheistíochtaí an brabús i gcéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. Mhéadaigh sé beagán in 2018 agus ansin d'ísligh sé go mór go dtí luachanna diúltacha le linn an chuid eile den tréimhse a measadh, rud a bhí ag teacht leis an treocht maidir le brabúsacht.

(201) Is cuid de mhórghrúpaí cuideachtaí iad na trí tháirgeoir sampláilte ón Aontas agus dá bhrí sin is fearr a gcumas caipiteal a shlógadh ná cuideachtaí neamhspleácha a bhfuil staid airgeadais den chineál céanna acu. Mar sin féin, agus an meath suntasach atá ag teacht ar a staid airgeadais, is léir go bhfuil an cumas atá acu caipiteal a shlógadh amach anseo i mbaol.

4.5.4. *Conclúid faoi dhíobháil*

(202) Tháinig méadú 38 % ar mhéid na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse a measadh. Ó tharla gurbh ann do thomhaltas réasúnta cobhsaí san Aontas, mhéadaigh na hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann a sciar den mhargadh ó 31,6 % in 2017 go 44,1 % le linn na tréimhse imscrúdaithe. An méadú sin ar an sciar den mhargadh, rinne sé dochar do thionscal an Aontais a chaill 10,7 pointe céatadáin dá sciar den mhargadh ar an saormhargadh.

(203) An méadú ar an sciar den mhargadh a ghnóthaigh na tíortha lena mbaineann ar mhargadh an Aontais, bhí siad in ann é a dhéanamh trí bhrú praghsanna suntasach toisc go raibh allmhairí ó na tíortha lena mbaineann [12-15] % níos ísle ar an meán ná costais thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdaithe. Tháinig laghdú foriomlán 35 % ar an bpraghas allmhairiúcháin ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse a measadh. D'fhonn sciar réasúnta den mhargadh agus méideanna táirgeachta a choimeád ar leibhéil eacnamaíocha, ní raibh aon rogha ag tionscal an Aontais ach a chuid praghsanna a laghdú freisin. Cé gur laghdaigh an costas táirgthe chomh maith mar gheall ar an laghdú ar phraghas na heitiléine, bhí an brú ar phraghsanna ó na hallmhairí chomh mór sin gur chuir sé iallach ar thionscal an Aontais praghsanna a laghdú faoi bhun an chostais táirgthe, agus dá bhrí sin chláraigh siad caillteanais shuntasacha faoi dheireadh na tréimhse imscrúdaithe.

(204) Mar gheall ar an staid sin sa mhargadh, léirigh na príomhtháscairí díobhála maicreacnamaíocha uile treocht dhiúltach le linn na tréimhse a measadh. Tháinig laghdú 19 % agus 18 % faoi seach ar mhéid na táirgeachta agus ar mhéid na ndíolachán ar an saormhargadh. Tháinig laghdú 7 % agus 13 % ar fhostaíocht agus ar tháirgiúlacht faoi seach.

(205) Ar an gcaoi chéanna, chuaigh na príomhtháscairí micreacnamaíocha in olcas freisin. Tháinig laghdú 40 % ar mheánphraghsanna díolacháin aonaid tháirgeoirí an Aontais le páirtithe neamhghaolmhara ar an saormhargadh le linn na tréimhse sin agus níor tháinig ach laghdú 13 % ar a gcostais, rud a d'fhág gur tháinig meath suntasach ar a mbrabúsacht ó idir 16,7 agus 20,5 de bhrabúis in 2017 go caillteanais idir 10,8 % agus 13,2 % le linn na tréimhse imscrúdaithe. Tháinig méadú 42 % ar na stoic deiridh. Tháinig laghdú 127 % agus 63 % ar an sreabhadh airgid agus ar na hinfheistíochtaí faoi seach.

(206) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim sin gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán.

(207) Mhaígh CPME gur léirigh na sonraí ón iar-tréimhse imscrúdaithe go raibh tionscal an Aontais ag téarnamh ón díobháil líomhnaithe a baineadh dó sa chéad leath de 2020 toisc gur mhéadaigh praghsanna gliocóil mona-eitiléine (MEG) le linn na tréimhse idir mí Iúil agus mí na Samhna 2020.

(208) Tá an fhaisnéis sin lasmuigh den tréimhse imscrúdaithe agus tá sé ró-ilroinnte in aon chás chun teacht ar aon chonclúid maidir le dumpáil dhíobhálach. Dá bhrí sin, diúltaíodh dó.

5. CÚISÍOCHT

(209) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún ar bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann. I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh sé gur bhain díobháil do thionscal an Aontais de dheasca fachtóirí aitheanta eile san am céanna. D'áirithigh an Coimisiún nár cuireadh aon díobháil fhéideartha arna cruthú ag fachtóirí seachas na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann i leith na n-allmhairí dumpáilte. Seo a leanas na fachtóirí sin: allmhairí ó thríú tíortha, feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais, díolacháin faoi chuing, táirgí eile atá níos brabúsaí ná MEG, costais dímheasa, costas amhábhar/easpa iomaíochais, paindéim COVID-19, MEG ina thráchtearra a thrádáiltear ar fud an domhain, praghas na hola, an "cogadh trádála" idir SAM agus an tSín, an t-ísliú praghsanna ar fud an domhain le linn na tréimhse a measadh, díobháil a rinne an tionscal air féin, agus allmhairí PET isteach san Aontas.

5.1. **Tionchar na n-allmhairí dumpáilte**

(210) Tháinig méadú 38 % ar líon na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse a measadh, rud a mhéadaigh a sciar den mhargadh ó 31,6 % in 2017 go 44,1 % faoin tréimhse imscrúdaithe. Tharla an fhorbairt sin in ainneoin go raibh tomhaltas réasúnta cobhsaí ann le linn na tréimhse a measadh.

(211) Tháinig laghdú 35 % ar an meán ar na praghsanna allmhairiúcháin ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse a measadh, laghdú 41 % ó na Stáit Aontaithe agus laghdú 33 % ón Araib Shádach. Bhí an t-ísliú sin ar na praghsanna díolacháin le feiceáil go háirithe in 2019 nuair a tháinig méadú 46 % go comhuaineach ar mhéid na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann i gcomparáid le 2017. Le linn na tréimhse imscrúdaithe, ghearr allmhairí ó na tíortha lena mbaineann faoi phraghsanna thionscal an Aontais faoi [7,6 – 9,3] % ar an meán, agus bhí siad [12-15] % níos ísle ar an meán ná costais thionscal an Aontais.

(212) Is léir go raibh tionchar suntasach ag an méadú mór ar allmhairí ar phraghsanna íslithe ar an meath tapa a tháinig ar tháscairí eacnamaíocha thionscal an Aontais. Is tráchtearra aonchineálach é MEG agus is ar bhonn an phraghais amháin a dhíoltar é i mbeagnach gach cás. Dá bhrí sin, bíonn tionchar mór ag difríocht bheag sa phraghas.

(213) Ar aon nós, beag beann ar shladghearradh praghais, rinne an Coimisiún amach gur i ngeall ar na hallmhairí dumpáilte, brúdh síos praghsanna tháirgeoirí an Aontais go dtí leibhéal inar bhain caillteanais mhóra do tháirgeoirí an Aontais. Cé gur tháinig laghdú 13 % ar mheánchostais aonaid thionscal an Aontais le linn na tréimhse sin, níor leor é sin chun éifeachtaí an laghdaithe thromchúisigh praghsanna de dheasca na n-allmhairí dumpáilte a fhrithchothromú. Go deimhin, tháinig laghdú 40 % ar mheánphraghas díola aonaid na dtáirgeoirí ón Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara ar an saormhargadh le linn na tréimhse a measadh, laghdú a bhí i bhfad níos lú ná an laghdú a bhí ar a gcostais. Dá thoradh sin, tionscal an Aontais, a chláraigh brabúis roimh theacht isteach méideanna móra allmhairí dumpáilte, ní raibh sé in ann aon bhrabús a dhéanamh ó 2019 i leith, agus cláraíodh caillteanais idir 8,3 % agus 10,2 % in 2019 agus idir 10,8 % agus 13,2 % sa tréimhse imscrúdaithe. Leis na caillteanais shuntasacha sin, tá amhras ann gur fiú leanúint de ghníomhaíocht thionscal an Aontais ó thaobh gnó de.

5.2. **Tionchar fachtóirí eile**

5.2.1. *Allmhairí ó thríú tíortha*

(214) Is mar seo a leanas a d'fhorbair an méid allmhairí ó thríú tíortha eile le linn na tréimhse a measadh:

Tábla 11
Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2017	2018	2019	An tréimhse imscrúdaithe
An Rúis	Méid (tonaí)	20 295	10 113	14 494	20 126
	Innéacs	*100*	*50*	*71*	*99*
	Sciar den mhargadh (%)	1,3	0,6	0,9	1,3
	Meánphraghas (EUR/tona)	727	810	527	394
	Innéacs	*100*	*111*	*72*	*54*
Cuáit	Méid (tonaí)	0	11 820	15 767	9 319
	Innéacs		*100*	*133*	*79*
	Sciar den mhargadh (%)	0,0	0,7	1,0	0,6
	Meánphraghas (EUR/tona)		492	358	320
	Innéacs		*100*	*73*	*65*
Tríú tíortha eile	Méid (tonaí)	78 707	63 725	49 400	41 110
	Innéacs	*100*	*81*	*63*	*52*
	Sciar den mhargadh (%)	5,2	4,0	3,1	2,7
	Meánphraghas (EUR/tona)	778	878	670	571
	Innéacs	*100*	*113*	*86*	*73*
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas na tíortha lena mbaineann	Méid (tonaí)	99 002	85 658	79 661	70 556
	Innéacs	*100*	*87*	*80*	*71*
	Sciar den mhargadh (%)	6,5	5,3	4,9	4,7
	Meánphraghas (EUR/tona)	768	817	582	487
	Innéacs	*100*	*106*	*76*	*63*

Foinse: Eurostat

(215) 90 % de mhéid iomlán na n-allmhairí san Aontais in 2019 a bhí sna hallmhairí ó na tríú tíortha agus le linn na tréimhse imscrúdaithe. 2,7 % agus 1,3 % de mhéid iomlán na n-allmhairí san Aontas a bhí sna hallmhairí ón Rúis agus ó Chuáit faoi seach le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(216) Tháinig laghdú 1 % ar allmhairí ón Rúis le linn na tréimhse a measadh agus tháinig laghdú ar a sciar den mhargadh in 2018 agus 2019 sular mhéadaigh sé sa tréimhse imscrúdaithe go dtí an leibhéal céanna agus a bhí ann in 2017, eadhon 1,2 %. Bhí an meánphraghas onnmhairiúcháin ón Rúis níos airde in 2017 agus 2018 agus níos ísle in 2019 agus sa tréimhse imscrúdaithe ná na praghsanna allmhairiúcháin ó na tíortha lena mbaineann.

(217) Tháinig laghdú 21 % ar allmhairí ó Chuáit idir 2018 agus an tréimhse imscrúdaithe (ní raibh aon allmhairí ó Chuáit in 2017) agus thit a sciar den mhargadh ó 0,7 % go 0,6 % le linn na tréimhse céanna. Bhí na meánphraghsanna allmhairiúcháin ó Chuáit níos ísle ná na praghsanna allmhairiúcháin ó na tíortha lena mbaineann.

(218) Tháinig laghdú 50 % nach mór ar allmhairí ó thríú tíortha eile agus ar a sciar den mhargadh le linn na tréimhse a measadh agus ba 2,7 % a sciar den mhargadh le linn na tréimhse imscrúdaithe. Bhí na praghsanna allmhairiúcháin ó thríú tíortha eile níos airde ná na praghsanna allmhairiúcháin ó na tíortha lena mbaineann i gcaitheamh na tréimhse ar fad a measadh.

(219) Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún go sealadach nach bhféadfadh éabhlóid na n-allmhairí ó thíortha eile ach tionchar imeallach, dá mba ann dó, a imirt ar staid thionscal an Aontais.

5.2.2. *Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais*

(220) Seo a leanas mar a tháinig forbairt ar mhéid na n-onnmhairí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse a measadh:

Tábla 12
Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais

	2017	2018	2019	An tréimhse imscrúdaithe
An méid iomlán onnmhairí (tonaí)	46 427	29 730	23 329	23 743
Innéacs	*100*	*66*	*48*	*53*
Meánphraghas na dtáirgeoirí sampláilte ón Aontas (EUR/tona)	[681 - 833]	[734 - 898]	[483 - 590]	[343 - 419]
Innéacs	*100*	*108*	*71*	*50*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte an Aontais agus freagra fioraithe an ghearánaigh ar an gceistneoir

(221) Thart ar 3 % den táirgeacht iomlán ar an meán a bhí sna honnmhairí le linn na tréimhse imscrúdaithe freisin.

(222) Ar an iomlán, tháinig laghdú 47 % agus 50 % faoi seach ar onnmhairí thionscal an Aontais agus ar a bpraghsanna.

(223) Toisc go raibh sciar teoranta agus laghdaitheach ag díolacháin onnmhairiúcháin de tháirgeacht iomlán thionscal an Aontais, chinn an Coimisiún go sealadach nach raibh tionchar ag an bhfeidhmíocht onnmhairiúcháin ar ann díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

(224) Mhaígh Mitsubishi Corporation gurbh í drochfheidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais ba chúis leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

(225) Ní aontaíonn an Coimisiún leis an éileamh sin. Níl tionscal an Aontais dírithe ar onnmhairí ós rud é go bhfuil an t-éileamh ar mhargadh an Aontais níos airde ná acmhainneacht táirgeachta thionscal an Aontais. Ina theannta sin, ní raibh tionscal an Aontais dírithe ar onnmhairiú in 2017 ná in 2018 nuair a chláraigh sé brabúis dhearfacha.

5.2.3. *Díolacháin faoi chuing*

(226) Mar a léirítear i dTábla 1, le linn na tréimhse a measadh, tháinig laghdú 28 % ar dhíolacháin thionscal an Aontais leis an margadh faoi chuing. Mar sin féin, cuid measartha beag de tháirgeacht iomlán thionscal an Aontais a bhí ann, i.e. 12,6 %.

(227) Agus méid teoranta an mhargaidh faoi chuing á chur san áireamh, níor chuir forbairtí an mhargaidh sin leis an meath a tháinig ar thionscal an Aontais ar aon bhealach suntasach agus níl léiriú iad na forbairtí sin ar mheath an tionscail sin.

5.2.4. *Táirgí eile atá níos brabúsaí ná MEG*

(228) Mhaígh roinnt páirtithe leasmhara (CPME, Arteco, HELM, Oxyde) gur bhain díobháil do thionscal an Aontais i ngeall ar a chinneadh díriú ar tháirgí níos brabúsaí seachas MEG toisc go bhféadfadh táirgeoirí MEG díorthaigh ocsaíde eitiléine eile seachas MEG a tháirgeadh freisin. Áitíodh freisin gur tháinig méadú ar chostais sheasta in aghaidh an aonaid le haghaidh tháirgeadh MEG i ngeall ar an gcinneadh sin. Ina theannta sin, d'éiligh Arteco nach féidir acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta MEG a mheas ar leithligh ón méadú ar tháirgeadh díorthach ocsaíde eitiléine ar na línte táirgthe céanna. Ina theannta sin, d'áitigh sé nach féidir le brabúsacht MEG a mheas ar leithligh ó bhrabúsacht díorthach ocsaíde eitiléine.

(229) Níor dheimhnigh an t-imscrúdú na líomhaintí sin. Tá tionscal an Aontais tiomanta i gcónaí do MEG a mhonarú san Aontas. Go deimhin, tá táirgeoirí sampláilte an Aontais ag déanamh eitiléine laistigh den ghrúpa agus, ina theannta sin, tá siad á húsáid go hinmheánach chun táirgí MEG agus táirgí eile a tháirgeadh agus díolann siad le páirtithe eile í freisin. Dá bhrí sin, tá rochtain ag táirgeoirí MEG ar a ndóthain ocsaíde eitiléine chun dóthain MEG chomh maith le díorthaigh ocsaíde eitiléine eile a mhonarú i gcomhréir lena n-acmhainneacht táirgeachta. Tá sé beartaithe ag tionscal an Aontais freisin acmhainneacht táirgeachta ocsaíde eitiléine a mhéadú, rud a chuir roinnt páirtithe leasmhara amhail HELM i dtábhacht freisin. Bhí ar thionscal an Aontais táirgeadh MEG a laghdú toisc go raibh a phraghas díola go mór faoin gcostas táirgthe mar gheall ar an mbrú praghais ó allmhairí ó na tíortha lena mbaineann. A luaithe a athbhunófar an chothroime iomaíochta ar mhargadh an Aontais, leanfaidh tionscal an Aontais de MEG a mhonarú i méideanna níos airde ná mar a rinne sé sular tháinig borradh ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann.

(230) Dá bhrí sin, aon tionchar ar chostais sheasta, is as tionchar diúltach na n-allmhairí dumpáilte a eascraíonn sé go díreach, seachas as táirgeadh na ndíorthach ocsaíde eitiléine.

(231) Ina theannta sin, níl tionscal an Aontais ag monarú táirgí eile amhail díorthaigh ocsaíde eitiléine ar an líne tháirgthe chéanna le MEG. Na táscairí díobhála a ndearnadh measúnú orthu in aithrisí (174) go (201), tá siad teoranta do tháirgeadh agus díolacháin MEG amháin. Dá bhrí sin, ní féidir brabúsacht MEG a nascadh le brabúsacht táirgí eile amhail díorthaigh ocsaíde eitiléine toisc nach gcumhdaítear na táirgí sin san imscrúdú. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na héilimh sin.

5.2.5. *Costais dímheasa*

(232) D'áitigh roinnt páirtithe leasmhara (Arteco, HELM, Oxyde) go ndeachaigh feidhmíocht thionscal an Aontais in olcas mar gheall ar leibhéil ard na gcostas dímheasa.

(233) Rinneadh amach san imscrúdú nach bhfuil costais dímheasa ard agus idir 1 % agus 3 % den chostas táirgthe atá iontu. Dá bhrí sin, ní raibh tionchar suntasach acu ar fheidhmíocht airgeadais thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

5.2.6. *Costas amhábhar/easpa iomaíochais*

(234) Mhaígh roinnt páirtithe leasmhara, (Mitsubishi Corporation, Arteco, Oxyde), gur tháinig meath ar fheidhmíocht thionscal an Aontais i ngeall ar chostas an táirgthe a bheith níos airde ná costas táirgthe na dtáirgeoirí sna tíortha lena mbaineann de bhrí go n-úsáideann táirgeoirí an Aontais amhábhair níos costasaí (nafta) ná a n-iomaitheoirí sna Stáit Aontaithe agus san Araib Shádach (gás scealla agus eatán) chun eitiléin a mhonarú agus nach raibh siad iomaíoch go leor dá bharr. Mhaígh Arteco freisin gur táirgeadh níos lú seachtháirgí le linn an phróisis táirgthe sna Stáit Aontaithe agus san Araib Shádach, rud a d'fhág go raibh sé níos saoire na monarchana a thógáil agus gur lú an chastacht a bhí ag baint lena n-oibriú. Thairis sin, d'áitigh sé go raibh brabúsacht thionscal an Aontais faoi bhrú mar gheall ar na costais arda fuinnimh.

(235) Níor aontaigh an Coimisiún leis an líomhain sin. Cé gur fíor go bhféadfadh buntáiste costais a bheith ag táirgeoirí na Stát Aontaithe agus na hAraibe Sádaí ó thaobh amhábhair áirithe de, níor chuir sé cosc ar thionscal an Aontais corrlaigh bhrabúis arda a chlárú in 2017 agus in 2018 mar a léiríodh i dTábla 10, is é sin le rá roimh an méadú ard ar allmhairí ar phraghsanna a bhí ag laghdú go mór ó na tíortha lena mbaineann. Dá bhrí sin, is iad na hallmhairí dumpáilte, seachas na hamhábhair éagsúla a úsáideadh, a chuir le staid uafásach airgeadais thionscal an Aontais.

(236) Maidir leis an éileamh a bhaineann le seachtháirgí, níor chuir Arteco aon fianaise ar fáil i leith a éilimh agus níor shonraigh sé go díreach na seachtháirgí a bhí i gceist aige. Ní féidir leis an gCoimisiún ach glacadh leis go raibh Arteco ag tagairt do ghliocóil eile a ghintear i bpróiseas monaraithe MEG amhail gliocól dé-eitiléine (DEG) agus gliocól trí-eitiléine (TEG). Gintear na táirgí sin, áfach, i bpróiseas monaraithe MEG beag beann ar an mbunábhar a úsáidtear chun eitiléin a mhonarú. Cé go bhféadfadh athruithe áirithe a bheith ann in aghaidh an táirgeora ó thaobh méideanna TEG agus DEG de, tá na héagsúlachtaí seo cúng agus dá bhrí sin ní féidir mórthionchar a bheith acu ar fheidhmíocht an táirgeora. Mar sin féin, tá margadh ann do DEG agus TEG agus dá bhrí sin gintear ioncam do na cuideachtaí leis na táirgí seo. Maidir le tógáil agus oibriú na monarchana seo, arís ní thugann Arteco bunús lena éileamh. Tá monarchana MEG go hiomlán uathoibrithe san Aontas, rud a fhágann nach gá ach íosmhéid saothair a bheith ann toisc go bhfuil próiseas monaraíochta MEG sách simplí. Ar deireadh, maidir le costais fuinnimh, léirigh imscrúdú gur thart ar 3 % de chostas táirgthe thionscal an Aontais atá iontu agus, dá bhrí sin, nach bhféadfadh siad mórthionchar a imirt ar iomaíochas thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na héilimh sin.

5.2.7. *Paindéim COVID-19*

(237) Mhaígh roinnt páirtithe leasmhara (CPME, Arteco, HELM, Oxyde) go raibh tionchar ag paindéim COVID-19 ar thionscal MEG an Aontais sa chéad ráithe de 2020 agus níos mó fós sa dara ráithe de 2020. Mhaígh CPME gur laghdaíodh táirgeacht agus díolacháin MEG san Aontas i ngeall ar ísliú ar an éileamh ar MEG san Aontas de bharr phaindéim COVID-19. D'áitigh sé go háirithe, gur tháinig ísliú ar éileamh an Aontais ar MEG a úsáidtear chun sreabháin frithreo agus dí-oighrithe a tháirgeadh toisc gur cuireadh stad le díolacháin gluaisteán (agus monarú gluaisteán) agus le heitiltí le linn na dianghlasála.

(238) Léirigh an t-imscrúdú gur tháinig meath suntasach ar staid thionscal an Aontais in 2019, i bhfad sular thosaigh paindéim COVID-19 san Aontas i dtús 2020. Níor dhún ceann ar bith de tháirgeoirí an Aontais a láithreacha táirgthe le linn na paindéime, cé is moite d'oibríochtaí cothabhála. Ina theannta sin, ba mheasctha iad éifeachtaí na paindéime ar thomhaltas an Aontais, agus ba chúiteamh ar an éileamh laghdaithe ar fhuaráin inneall gluaisteán é an t-éileamh méadaithe ar eireataláit phoileitléine (TPE) le haghaidh pacáistiú cosanta riachtanach i gcomhair uisce, bia agus díghalrán lámh le linn na ráige, rud a chuir SABIC i dtábhacht freisin.

(239) Cé gur tháinig laghdú measartha 1 % ar thomhaltas le linn na tréimhse imscrúdaithe le hais 2017, tháinig laghdú 19 % ar tháirgeacht thionscal an Aontais, laghdú de bheagnach 14 phointe céatadáin ar úsáid acmhainneachta, laghdú 20 % ar dhíolacháin ar an saormhargaidh, agus laghdú 10,7 pointe céatadáin ar an sciar den mhargadh.

(240) Mar sin, cé nach féidir a chur as an áireamh go raibh tionchar áirithe ag paindéim COVID-19 ar staid thionscal an Aontais ag deireadh na tréimhse imscrúdaithe, níorbh é an phríomhchúis é leis an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

5.2.8. *MEG ina thráchtearra a thrádáiltear ar fud an domhain*

(241) Mhaígh Arteco agus Oxyde nach raibh tionchar ag na hallmhairí ó na Stáit Aontaithe agus ó Ríocht na hAraibe Sádaí san Aontas ar an sásra um shocrú praghsanna ar MEG de bhrí gur táirge a thrádáiltear ar fud an domhain a bhí ann agus gur shocraigh an gearánach an Praghas Conartha Eorpach ("ECP"). Ina theannta sin, áitíodh (i) go léiríonn na praghsanna sin na praghsanna ar mhargadh na hÁise, toisc gurb í an tSín an margadh MEG is mó ar fud an domhain agus (ii) cloíonn na praghsanna ar MEG go dlúth le treocht na bpraghsanna ar a bhunábhar riachtanach, i. e., eitiléin. Ina theannta sin, maíodh gur tháinig méadú ar an mbearna idir praghsanna eitiléine agus praghsanna MEG ó mí Mhárta 2019 go mí Márta 2020 agus líomhnaíodh go raibh na praghsanna sin faoi thionchar na staide domhanda ó thaobh soláthair/éilimh de maidir le MEG, rud a bhí á stiúradh ag an tSín, agus go raibh tionchar diúltach ar bhrabúsacht tháirgeoirí an Aontais mar thoradh ar leathadh thionchar na treochta sin.

(242) Tá an maíomh sin mícheart ó thaobh fíoras de. Níl hiad táirgeoirí MEG an Aontais a shocraíonn an Praghas Conartha Eorpach ("ECP"). Is éard atá in ECP léiriú ar phraghas san Aontas ag am áirithe, eadhon innéacs. I margadh a bhfuil ceannaitheoirí agus díoltóirí iomadúla ann, is éard atá i gceist le praghas an chothromaíocht idir soláthar agus éileamh ar an margadh, agus dá bhrí sin ní féidir le páirtí amháin nó roinnt páirtithe é a shocrú go neamhspleách ar na páirtithe eile. Ní féidir leis an díoltóir praghas an idirbhirt a shocrú leis féin. Ós rud é go bhfuil an gearánach ar thaobh an díolacháin amháin, ní féidir leis an t-innéacs seo a ionramháil. Go praiticiúil, tá roinnt soláthraithe ann a thuairiscíonn ECP. Is iad comhairleoirí margaidh neamhspleácha a bhunaíonn agus a fhoilsíonn na tuarascálacha sin. Seo iad na ceithre phríomhsholáthróir: ICIS ([10]), IHS ([11]), Wood Mackenzie Chemicals ([12]) agus Tecnon ([13]).

([10]) https://www.icis.com/explore/
([11]) https://ihsmarkit.com/index.html
([12]) https://www.woodmac.com/research/products/chemicals-polymers-fibres/
([13]) https://www.orbichem.com/chemical-data-portfolio/ethylene-glycol-ethylene-oxide

Bíonn na comhairleoirí margaidh sin ag brath ar shuirbhéanna gan ainm lena mbailítear na praghsanna a chomhaontaítear idir ceannaitheoirí agus díoltóirí. Go ginearálta, bíonn na ECPanna a thuairiscíonn na gnólachtaí sin ag teacht le chéile go hiondúil. Tá rannpháirtíocht i suirbhéanna ECP oscailte freisin d'aon pháirtí a dhíolann nó a cheannaíonn MEG ar bhealach ábhartha ar an margadh, lena n-áirítear na hallmhaireoirí. Go deimhin, leanann ECP praghas MEG san Áise go pointe áirithe, agus bíonn tionchar ag an éabhlóid ar phraghas na heitiléine ar phraghas díola MEG toisc gur príomh-amhábhar MEG í an t-eitiléin.

(243) Ar mhargadh an Aontais, díoltar MEG faoi chonradh fadtéarmach nó faoi dhíolacháin seachadta aonuaire ("spotdíolacháin"). Meastar gur thart ar 80 % de dhíolacháin iomlána an Aontais atá sna díolacháin a dhéantar faoi théarmaí conartha agus gur spotdíolacháin atá sa 20 % eile díobh. Sna díolacháin chonartha, tá an fhoirmle praghsanna bunaithe ar ECP lúide lascaine. Cé gur innéacs míosúil a fhoilsíonn faisnéis mhargaidh atá in ECP mar a mhínítear in aithris (242), tá an lascaine faoi rún. Bíonn na díoltóirí in iomaíocht le chéile maidir leis an lascaine. Déantar an praghas conartha a chaibidliú ar bhonn míosúil agus tá sé faoi thionchar na spotphraghsanna toisc gur tráchtearra é MEG a thrádáiltear i margadh an-trédhearcach ina dtéann gníomhaithe margaidh in oiriúint go tapa don staid atá cruthaithe ag na hallmhairí dumpáilte. Fiú má nascann allmhaireoirí na Stát Aontaithe agus na hAraibe Sádaí a bpraghas díola ar mhargadh an Aontais le ECP, tá praghas díola MEG brúite síos acu i ngeall ar an lascaine a chuireann siad ar fáil do na ceannaitheoirí. Dá bhrí sin, ní féidir na héifeachtaí díobhálacha ar mhargadh an Aontais a chur i leith an innéacs ECP ann féin. Ba é ba chúis leis an díobháil méideanna móra na n-allmhairí ar phraghas íseal a tháinig isteach ar mhargadh an Aontais, rud a bhrúigh spotphraghsanna agus praghsanna conartha síos chun tairbhe na gceannaitheoirí. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na héilimh sin.

5.2.9. *Praghas na hola*

(244) Mhaígh CPME agus CIRFS gurbh é an t-ísliú a tháinig ar phraghas na hola sa dara cuid den tréimhse imscrúdaithe ba chúis leis an laghdú ar an bpraghas ar MEG san Aontas seachas na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann.

(245) Mar a shonraítear in aithris (234), is ar bhonn eitiléine a tháirgtear nafta san Aontas, táirge a fhaightear trí amhola a scagadh. Dá bhrí sin, bíonn tionchar ag an éabhlóid ar phraghas na hola ar chostas agus ar phraghas eitiléine mar aon le costas agus praghas MEG. Mar a mínítear in aithris (205), tháinig laghdú 13 % ar chostas táirgthe thionscal an Aontais le linn na tréimhse a measadh, ach tháinig laghdú i bhfad níos mó ar phraghas díola MEG, i.e. laghdú 40 %. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

5.2.10. *"Cogadh trádála" idir na Stáit Aontaithe agus an tSín*

(246) I mí Lúnasa 2018, d'fhorchuir an tSín dleachtanna breise allmhairiúcháin 25 % ar MEG ó na Stáit Aontaithe agus líomhnaítear gur atreoraigh táirgeoirí SAM a gcuid onnmhairí ón tSín chuig an Aontas i ngeall air sin. Dá bhrí sin, mhaígh páirtithe leasmhara éagsúla (Mitsubishi Corporation, Arteco, Oxyde) gur tharla an díobháil go príomha i ngeall ar an gcaidreamh trádála idir an tSín agus na Stáit Aontaithe a bheith ag dul in olcas. D'áitigh na páirtithe go dtiocfadh an staid ar mhargadh an Aontais ar ais go dtí an *status quo ante* i ngeall ar tharscaoileadh sealadach na dtaraifí sin a tugadh isteach in 2020.

(247) Níl bhaineann na ceisteanna sin le hábhar, ós rud é gurb é atá sa chaighdeán dlíthiúil a leagtar síos leis an mbun-Rialachán agus le comhaontú frithdhumpála na hEagraíochta Domhanda Trádála, gurb ann do dhíobháil arb iad allmhairí dumpáilte is cúis léi, seachas ceisteanna polaitiúla nó ceisteanna seachtracha eile a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis na cleachtais sin. Ar chaoi ar bith, tugann an Coimisiún faoi deara, cé go ndearnadh na srianta a mhaolú, go bhfuil feidhm fós ag na taraifí breise de ghnáth agus nach léir an chaoi a bhforbróidh cúrsaí. Ina theannta sin, tá tionscal MEG na Stát Aontaithe dírithe ar onnmhairiú agus tá a acmhainneacht táirgeachta ag dul i méid. Thairis sin, tá tionscal MEG na Síne ag cur lena acmhainneacht táirgeachta freisin agus é mar aidhm aige a bheith neamhspleách. Dá bhrí sin, is dócha go mbeidh suim mhór i gcónaí ag tairgeoirí na Stát Aontaithe i margadh an Aontais, beag beann ar aon aighneas idir na Stáit Aontaithe agus an tSín.

5.2.11. *An t-ísliú praghsanna ar fud an domhain le linn na tréimhse a measadh*

(248) Mhaígh roinnt páirtithe leasmhara (Mitsubishi, CIRFS) gur tharla an díobháil a bhain do thionscal an Aontais i gcomhthráth le ceann de na laghduithe is mó ar phraghsanna domhanda MEG le 10 mbliana anuas, rud nár bhain do mhargadh an Aontais amháin ach a bhí i gcomhréir le praghsanna ar an margadh domhanda. Maíodh go raibh méadú suntasach ar acmhainneacht dhomhanda MEG agus nach raibh éileamh comhfhreagrach domhanda ag gabháil leis – i ndeireadh 2018 amháin fiú chuir an tSín [1,5-2,5] milliún tona breise in aghaidh na bliana lena hacmhainneacht. Ó mhí na Samhna 2019 i leith, thart ar [37,5-38,5] milliún tona in aghaidh na bliana a bhí in acmhainneacht iomlán domhanda MEG, rud a chruthaigh rósholáthar thart ar [10-20] %, agus cuireadh acmhainneacht shuntasach bhreise leis le linn na bliana 2020. Dá bhrí sin, líomhnaíodh gurb iad na praghsanna ísle nach bhfacthas riamh cheana ar na margaí domhanda seachas aon dumpáil ba chúis leis an díobháil.

(249) D'fhéadfadh na ceisteanna sin míniú foriomlán a thabhairt leis an bhfáth ar díoladh allmhairí ar phraghsanna dumpáilte san Aontas. Ach is amhlaidh i gcónaí gur i ngeall ar na hallmhairí dumpáilte a gineadh de bharr éifeachtaí na bpraghsanna agus na méideanna réamhluaite, rinneadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais – an caighdeán dlíthiúil is infheidhme arna leagan síos ag an mbun-Rialachán agus ag Comhaontú Frithdhumpála na hEagraíochta Domhanda Trádála, nach bhforáiltear leo maidir le hanailís a dhéanamh ar na cúiseanna is bonn leis an gcinneadh dumpáil a dhéanamh. Léirigh an t-imscrúdú go bhfuil ró-acmhainneacht táirgeachta MEG ar fud an domhain go deimhin. Tá méadú suntasach tagtha ar acmhainneacht táirgeachta na dtairgeoirí san Araib Shádach agus sna Stáit Aontaithe agus meastar go bhfuil onnmhaireoirí SAM chun acmhainneacht táirgeachta a mhéadú go dtí 6 mhilliún tonna in aghaidh na bliana. Mar gheall ar an ró-acmhainneacht sin bhí táirgeoirí onnmhairiúcháin na Stát Aontaithe agus na Sádaí ag lorg margaí agus, dá bhrí sin, dhíol siad méideanna suntasacha MEG ar mhargadh an Aontais ar phraghsanna dumpáilte le linn na tréimhse imscrúdaithe. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

5.2.12. *Féindíobháil*

(250) D'éiligh SABIC go ndeachaigh táirgeoir amháin de chuid an Aontais i dteagmháil le SABIC chun MEG a mhargú ar mhargadh an Aontais agus gurbh ann do roinnt cuideachtaí a raibh gaol acu le táirgeoirí an Aontais (mar a shonraítear in aithris (40)) agus a bhí ag allmhairiú MEG ó Ríocht na hAraibe Sádaí, agus sa chaoi sin rinne siad díobháil dóibh féin.

(251) Maidir leis an éileamh gur chuaigh táirgeoir amháin de chuid an Aontais i dteagmháil le SABIC chun MEG na hAraibe Sádaí a mhargú ar mhargadh an Aontais, léirigh an t-imscrúdú nach raibh an conradh tugtha chun críche idir SABIC agus an táirgeoir lena mbaineann ón Aontas. Ina theannta sin, chuaigh an táirgeoir sin ón Aontas i dteagmháil le SABIC i ndáil leis sin, toisc go raibh sé ag lorg roghanna eile chun leanúint dá chuid oibríochtaí ar mhargadh MEG an Aontais i ngeall ar an ísliú praghsanna ar mhargadh an Aontais arb é ba chúis le caillteanais mhóra. Is léiriú eile é sin ar na fadhbanna bhí ag tionscal an Aontais. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

5.2.13. *Allmhairí PET isteach san Aontas*

(252) D'éiligh roinnt páirtithe leasmhara, Arteco, HELM, agus Oxyde, gan aon fhianaise thacaíochta, go raibh tionchar ag an méadú ar allmhairí PET isteach san Aontas ar thomhaltas MEG.

(253) Tá an maíomh sin mícheart ó thaobh fíoras de. Ba athraitheach iad allmhairí PET san Aontas le linn na tréimhse a measadh. Thairis sin, mar a shonraítear in aithris (150), bhí an tomhaltas ar an saormhargadh cobhsaí go maith faoi dheireadh na tréimhse imscrúdaithe. Dá bhrí sin, diúltaítear don éileamh sin.

Tábla 13
Iomlán allmhairí PET

	2017	2018	2019	An tréimhse imscrúdaithe
Méid	706 254 645	704 017 403	877 616 849	797 676 108
Innéacs	*100*	*100*	*124*	*113*

Foinse: Eurostat

5.3. **An chonclúid ar chúisíocht**

(254) Bhí comhtharlú soiléir ama idir an méadú suntasach ar allmhairí ar phraghsanna dumpáilte agus ar sciar margaidh na dtíortha lena mbaineann ar thaobh amháin agus an laghdú suntasach ar dhíolacháin agus ar sciar margaidh tháirgeoirí an Aontais ar an taobh eile, mar aon leis an ísliú praghsanna, agus drochstaid airgeadais thionscal an Aontais.

(255) Rinne an Coimisiún idirdhealú idir éifeachtaí na bhfachtóirí aitheanta uile ar staid thionscal an Aontais agus éifeachtaí díobhála na n-allmhairí dumpáilte agus d'fhéach sé orthu ar leithligh. Ní raibh ach éifeacht theoranta ag na fachtóirí eile uile ar fhorbairtí diúltacha thionscal an Aontais ó thaobh laghdú táirgeachta agus díolachán, cailleadh sciar den mhargadh, ísliú praghsanna, agus tionchar diúltach ar bhrabúsacht, toradh ar infheistíochtaí agus sreabhadh airgid.

(256) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim sin, go ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann agus nár maolaíodh an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha de thoradh na bhfachtóirí eile, arna meas ar bhonn aonair nó go comhpháirteach. Is éard atá sa díobháil laghdú táirgeachta agus díolachán, cailleadh sciar den mhargadh, ísliú praghsanna, agus tionchar diúltach ar bhrabúsacht, toradh ar infheistíochtaí agus sreabhadh airgid.

6. LEIBHÉAL NA mBEART

(257) Chun leibhéal na mbeart a chinneadh, scrúdaigh an Coimisiún ar leor dleacht is lú ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil a rinneadh do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí dumpáilte.

6.1. **Corrlach díobhála**

(258) Chuirfí deireadh leis an díobháil dá mbeadh tionscal an Aontais in ann spriocbhrabús a fháil trí dhíolachán ar spriocphraghas de réir bhrí Airteagal 7(2c) agus Airteagal 7(2d) den bhun-Rialachán.

(259) I gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, chun an spriocbhrabús a shocrú, chuir an Coimisiún na fachtóirí a leanas san áireamh: leibhéal na brabúsachta roimh an méadú ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann, leibhéal na brabúsachta is gá chun costais agus infheistíochtaí iomlána a cumhdach, taighde agus forbairt (T&F) agus nuálaíocht, agus leibhéal na brabúsachta a mbeidh coinne leis faoi ghnáthchoinníollacha iomaíochta. Níor cheart do chorrlach brabúis den sórt sin a bheith níos lú ná 6 %.

(260) Tháinig méadú suntasach ar mhéid na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann agus laghdaigh praghsanna allmhairí go tobann ó 2019 i leith (mar a léirítear i dTábla 2 agus i dTábla 3), rud a d'fhág nach raibh táirgeoirí an Aontais in ann a brabús a dhéanamh. I bhfianaise an mhéid sin, shocraigh an Coimisiún bunbhrabús a chumhdaigh na costais iomlána faoi ghnáthchoinníollacha iomaíochta ar bhonn bhrabúsacht tháirgeoirí an Aontais sular tháinig borradh faoi allmhairí dumpáilte, eadhon mar mheán ualaithe na gcorrlach brabúis arna gclárú ag táirgeoirí an Aontais do na blianta 2017 agus 2018. [17,5-19,5] % atá sa bhunbhrabús arna ríomh ar an gcaoi sin.

(261) Ní dhearna aon cheann de na táirgeoirí sampláilte éileamh faoi Airteagal 7(2c) den bhun-Rialachán maidir le hinfheistíochtaí ligthe thar ceal nó T&D agus costais nuálaíochta.

(262) Ar an mbonn sin, [610-746] EUR/tona atá sa phraghas neamhdhíobhálach, praghas a fuarthas nuair cuireadh an corrlach brabúis thuasluaite de [17,5-19,5] % i bhfeidhm maidir le costas táirgthe tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(263) I gcomhréir le hAirteagal 7(2d) den bhun-Rialachán, mar chéim chríochnaitheach, rinne an Coimisiún measúnú ar na costais a eascróidh as Comhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil, agus as na prótacail fúthu, ar páirtí iontu an tAontas, agus as Coinbhinsiúin ILO a liostaítear in Iarscríbhinn Ia, costais a thabhóidh tionscal an Aontais le linn thréimhse chur i bhfeidhm an bhirt de bhun Airteagal 11(2).

(264) Is éard a bhí sna costais sin na costais bhreise a bheidh ann amach anseo (i.e. tar éis na costais iarbhír a thabhaítear sa tréimhse imscrúdaithe a asbhaint) chun comhlíonadh Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh ("EU ETS") agus Threoir an Aontais maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha ("IED") a áirithiú. Tá Córas Trádála Astaíochtaí ("EU ETS") an Aontais ar ceann de bhunchlocha bheartas an Aontais cloí le Comhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil. Ar an gcuma chéanna, is é IED príomhionstraim an Aontais lena rialaítear astaíochtaí truailleán ó shuiteálacha tionsclaíocha agus, ar an gcaoi sin, áirithíonn sé freisin go gcomhlíontar Comhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil.

(265) Is ar bhonn meánlamháltais astaíochtaí bhreise mheasta an Aontais a ríomhadh costais chomhlíontachta EU ETS, lamháltais is gá a cheannach le linn thréimhse chur i bhfeidhm na mbeart (2021 go 2025). Úsáideadh lamháltais an Aontais sa ríomh glan ar liúntais infhála saor in aisce agus ba leis an táirge comhchosúil amháin a bhain siad. Is ar bhonn sonraí ó Bloomberg New Energy Finance (sliocht dár dáta an 7 Feabhra 2021) a suíodh costais lamháltais an Aontais. EUR 36,24 in aghaidh an tona CO2 a astaítear atá sa mheánphraghas réamh-mheasta ar lamháltais an Aontais le haghaidh na tréimhse 2021-2025. Is ar bhonn na sonraí a thuairiscigh na tairgeoirí sampláilte ón Aontas a ríomhadh na costais a bhaineann le comhlíonadh na Treorach maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha (IED) agus rinne an Coimisiún cros-seiceáil ar na costais sin. An chaoi ar shuigh an Coimisiún na costais bhreise a bhaineann le dualgais chomhlíontachta amach anseo, tá nóta faoi sin ag gabháil leis an gcomhad agus tá sé ar fáil chun gur féidir le páirtithe leasmhara é a scrúdú.

(266) Shuigh an Coimisiún gur [0,7 – 0,9]% den chostas táirgthe sa tréimhse imscrúdaithe a bhain le dualgais chomhlíontachta a bheidh ann amach anseo agus chuir sé leis an bpraghas neamhdhíobhálach a luaitear in aithris (262) iad chun praghas neamhdhíobhálach iomlán an táirge chomhchosúil a fháil do thionscal an Aontais, is é sin le rá [616 - 752] EUR/tona.

(267) Ansin chinn an Coimisiún leibhéal an chorrlaigh gearrdhíola trí chomparáid a dhéanamh idir an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe a bhí ag na táirgeoirí sampláilte comhoibríocha onnmhairiúcháin, mar a leagtar síos le haghaidh na ríomhanna a bhaineann le sladghearradh praghais, agus meánphraghas ualaithe neamhdhíobhalach an táirge chomhchosúil arna dhíol ag táirgeoirí sampláilte an Aontais ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdaithe. Ansin sloinneadh aon difríocht a tháinig chun cinn ón gcomparáid sin mar chéatadán de mheánluach ualaithe allmhairí CAL.

(268) Sainítear an leibhéal díothaithe díobhála le haghaidh "cuideachtaí comhoibríocha eile" agus le haghaidh "gach cuideachta eile" ar an mbealach céanna agus a shainítear an corrlach dumpála le haghaidh na gcuideachtaí sin (féach aithrisí (127) go (130).

Tír	Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach (%)	Corrlach díobhála sealadach (%)
Stáit Aontaithe Mheiriceá	Lotte Chemical Lousiana LLC	8,5 %	38,5 %
	MEGlobal Americas Inc	38,3 %	84,9 %
	Cuideachtaí comhoibríocha eile	13,5 %	46,9 %
	Gach cuideachta eile	52,0 %	115,0 %
Ríocht na hAraibe Sádaí	Saudi Kayan Petrochemical Company (Saudi Kayan)	11,1 %	61,4 %
	Yanbu National Petrochemical Company (Yansab)	11,1 %	61,4 %
	Eastern Petrochemical Company (Sharq)	11,1 %	61,4 %
	Saudi Yanbu Petrochemical Company (Yanpet)	11,1 %	61,4 %
	Arabian Petrochemical Company (Petrokemya)	11,1 %	61,4 %
	Jubail United Petrochemical Company (United)	11,1 %	61,4 %
	Gach cuideachta eile	11,1 %	61,4 %

6.2. **Conclúid maidir le leibhéal na mbeart**

(269) De réir an mheasúnaithe thuas, is mar seo a leanas ba cheart dleachtanna frithdhumpála sealadacha a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán:

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach
Stáit Aontaithe Mheiriceá	Lotte Chemical Lousiana LLC	8,5 %
	MEGlobal Americas Inc	38,3 %
	Cuideachtaí comhoibríocha eile	13,5 %
	Gach cuideachta eile	52,0 %
Ríocht na hAraibe Sádaí	Saudi Kayan Petrochemical Company (Saudi Kayan)	11,1 %
	Yanbu National Petrochemical Company (Yansab)	11,1 %
	Eastern Petrochemical Company (Sharq)	11,1 %
	Saudi Yanbu Petrochemical Company (Yanpet)	11,1 %
	Arabian Petrochemical Company (Petrokemya)	11,1 %
	Jubail United Petrochemical Company (United)	11,1 %
	Gach cuideachta eile	11,1 %

7. LEAS AN AONTAIS

(270) Scrúdaigh an Coimisiún an bhféadfadh sé a chinneadh go soiléir nach chun leas an Aontais é bearta a ghlacadh sa chás seo, d'ainneoin gur cinneadh gurb ann do dhumpáil dhíobhálach, i gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán. Is ar bhonn measúnú ar leasanna na bpáirtithe éagsúla uile lena mbaineann, lena n-áirítear tionscal an Aontais, allmhaireoirí/trádálaithe, úsáideoirí agus soláthróirí, a cinneadh leas an Aontais.

(271) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig páirtithe leasmhara aitheanta. Fuair sé freagraí ar an gceistneoir ó dhá allmhaireoir nach raibh gaol acu lena chéile (Helm agus Oxyde) agus ó sheacht n-úsáideoir (Arteco, Indorama Group, Neo Group, Novapet, PlastiVerd, Selenis, SIR Industriale).

7.1. **Leas thionscal an Aontais**

(272) Tá 12 tháirgeoir ann a bhaineann le naoi ngrúpa de tháirgeoirí MEG san Aontas. Dá bhforchuirfí bearta, chuirfí ar chumas thionscal an Aontais an sciar caillte den mhargadh a aisghabháil, agus san am céanna chuirfí feabhas ar a bhrabúsacht i dtreo leibhéil a mheastar a bheith inbhuanaithe.

(273) De dheasca mhéid na díobhála a bhain do thionscal an Aontais, ní féidir leanúint ar aghaidh leis an staid faoi mar atá sé i ngeall ar an leibhéal ard caillteanas (-10,8 % — -13,2 % sa tréimhse imscrúdaithe), rud a tharla mar thoradh ar éifeacht chomhuaineach na bpraghsanna a bheith an-íseal (laghdú 40 % ar an saormhargadh) agus an t-ísliú ar dhíolacháin (-18 % ar an saormhargadh) agus ar tháirgeacht (-19 %), rud a chuir brú ar chostais.

(274) Tá forchur na mbeart riachtanach chun tionchar ollmhór na n-allmhairí dumpáilte a choinneáil faoi smacht agus táirgeadh MEG san Aontas a choinneáil ar bun. Go deimhin, gan bearta, i ngeall ar an dá bhrú de bharr praghsanna íslithe agus an laghdaithe ar dhíolacháin agus ar tháirgeacht, chuirfí bac ar thionscal an Aontais aon bhrabús a dhéanamh, rud a d'fhágfadh nach mbeadh sé de rogha aige ach deireadh a chur le táirgeadh le haghaidh an mhargaidh oscailte agus i gcás tháirgeoirí thionscal an Aontas nach bhfuil nasctha le leasanna na hAraibe Sádaí nó na Stát Aontaithe, bheadh deireadh leo nach mór.

(275) Tá méadú ag teacht ar an mbrú sin de réir mar a ardaíonn ró-acmhainneacht ar fud an domhain, dar le sainchomhairleoirí amhail Wood Mackenzie agus ISIC a leanann an margadh go grinn. Faoi thionchar na Síne agus na Stát Aontaithe, sáróidh na méaduithe ar acmhainneacht an t-éileamh faoi roinnt milliún tona i 2021-2022. Beidh laghdú ag teacht de réir a chéile ar dheiseanna d'onnmhairí ó SAM sa tSín i ngeall ar mhéaduithe tábhachtacha ar acmhainneacht sa tSín, rud a spreagfaidh SAM chun margaí a aimsiú in áiteanna eile. Díreofar ar onnmhairí go príomha, lena n-áirítear san Aontas, ós rud é nach bhfuil ach méadú beag ar éileamh sna Stáit Aontaithe á thuar. In éineacht le cur chuige na hAraibe Sádaí chun praghsanna a leanúint síos (an príomhbhealach chun láithreacht ar an margadh praghasbhunaithe seo a áirithiú), is cosúil gur dócha go mbeidh brú praghsanna leanúnach ann. Dá bhrí sin, is dócha go ndéanfaidh láithreacht SAM agus na hAraibe Sádaí le chéile tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais atá meathlaithe cheana féin.

(276) Mhaolódh bearta cuid mhaith den dá bhrú de bharr allmhairí dumpáilte, rud a chuirfeadh ar a chumas don tionscal praghsanna agus méideanna a mhéadú (díolacháin, táirgeacht agus úsáid acmhainneachta). Le leibhéal na mbeart, d'fhéadfaí na caillteanais airgeadais a chuireann todhchaí thionscal an Aontais i mbaol a dhíothú.

(277) Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid go mbeadh sé chun leas thionscal an Aontais bearta sealadacha a fhorchuir.

7.2. **Leas na n-allmhaireoirí/trádálaithe neamhghaolmhara, na n-úsáideoirí agus na soláthraithe**

7.2.1. *Ginearálta*

(278) Rinneadh amach san imscrúdú gur ionchuir le haghaidh teireataláit phoileitiléine ("PET" le haghaidh mhonarú buidéal plaisteach) atá i 55 % de thomhaltas MEG ceimiceach orgánach san Aontas; úsáidtear díreach faoi bhun 25 % de MEG chun fuaráin inneall mótarfheithiclí a tháirgeadh; agus úsáidtear an ceathrú cuid eile de mar amhábhar le haghaidh táirgí tionsclaíocha eile.

(279) Baineann trí phointe thábhachtacha le hanailís a dhéanamh ar leasanna allmhaireoirí/trádálaí agus úsáideoirí an Aontais.

(280) Ar an gcéad dul síos, mura ndéanfaí bearta a fhorchur, d'fhágfadh sé go scoirfeadh na gearánaigh den táirgeadh le haghaidh an mhargaidh oscailte, rud a laghdódh na foinsí soláthair atá ar fáil ar mhargadh an Aontais. Bheadh an tAontas ag brath ar allmhairí ó thríú tíortha, go príomha ó Ríocht na hAraibe Sádaí agus ó na Stáit Aontaithe. Ní fháilteodh úsáideoirí roimhe sin, ní hamháin ó thaobh iomaíochais de, ach ó thaobh chinnteacht an tsoláthair le haghaidh allmhaireoirí/trádálaithe agus úsáideoirí freisin.

(281) Ar an dara dul síos, tá foinsí soláthair eile ar fáil sa Téaváin, i Singeapór agus sa Chóiré, ar féidir lena n-acmhainneacht neamhúsáidte, de réir sainchomhairleoirí speisialaithe, an méid allmhairí ó Ríocht na hAraibe Sádaí agus ó SAM a chumhdach go hiomlán sa chás go mbeadh deireadh leis na hallmhairí sin, rud nach bhfuil coinne leis. Mar sin féin, meabhraítear nach é an cuspóir atá le bearta frithdhumpála a fhorchur stad a chur leis na hallmhairí ach cothrom iomaíochta a thabhairt ar ais ar mhargadh an Aontais.

(282) Ar an tríú dul síos, tá na bearta atá beartaithe sa raon idir 8,5 % agus 13,5 % den chuid is mó – leibhéal atá suntasach ach nach bhfuil toirmeascach fós.

7.3. **Leas na n-allmhaireoirí/trádálaithe neamhghaolmhara**

(283) Fuarthas leibhéal ard comhair ó allmhaireoirí/trádálaithe neamhghaolmhara, agus bhí an dá phríomhchuideachta ón earnáil chomhchruinnithe seo rannpháirteach. Is iad is cúis le formhór mór na n-allmhairí ó na Stáit Aontaithe. Allmhairíonn na cuideachtaí sin ó Ríocht na hAraibe Sádaí freisin, ach ar leibhéal níos lú ná mar a dhéanann na hallmhaireoirí SABIC gaolmhara a threoraíonn formhór an mhéid ón Araib Shádach ar mhargadh an Aontais.

(284) Cé go bhfuil idir allmhaireoirí agus trádálaithe neamhghaolmhara in aghaidh na mbeart, ní bheadh tionchar díréireach ag na bearta sin. Is féidir cuid de na dleachtanna seo a chur ar aghaidh chuig úsáideoirí (go háirithe i ndeighleoga na bhfuarthán agus na húsáide tionsclaíche eile – féach thíos). I gcás allmhaireoir amháin, ní cuid shuntasach dá láimhdeachas í a ghníomhaíocht MEG san Aontas, mar sin is beag tionchar a bheadh ag dleachtanna iomlána ar a ghnó. I gcás an allmhaireoir eile, tá a ghníomhaíocht MEG ar mhargadh an Aontais níos suntasaí, mar sin d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar níos mó air. Beidh sé seo ag brath ar a mhéid ar féidir díriú ar an deighleog inar féidir méaduithe praghsanna a chur ar aghaidh níos éasca, i bpáirt nó go hiomlán. Ar aon chuma, léirigh an t-imscrúdú nach gá gurb iad na cúiseanna a bhaineann le MEG a chinneann staid airgeadais na cuideachta.

(285) Ar aon nós, tá foinsí eile soláthair ar fáil do na hallmhaireoirí/trádálaithe uile, rud a mhaolaíonn tionchar na mbeart.

(286) Ar na cúiseanna sin, cinntear nach mbeidh tionchar díréireach ag na bearta ar allmhaireoirí/trádálaithe.

7.4. **Leas na n-úsáideoirí**

(287) Fuarthas freagraí ó úsáideoirí ó na trí dheighleog a bhaineann le táirgeadh iartheachtach ina n-úsáidtear MEG, agus chuir siad i gcoinne na mbeart.

(288) Tá an gnó fuaráin, ina bhfuil MEG ina phríomhionchur, roinnte ina dhá phríomh-fhodheighleog. Bíonn foirmlí táirgí sonracha deimhnithe de dhíth ar chuideachtaí gluaisteán (ar suas le leath den ghnó fuartháin iad) chomh maith le sruth soláthair atá ráthaithe agus cobhsaí. Mar a mhínítear thuas in aithris (274), rannchuideodh bearta le sruth cobhsaí soláthair a ráthú trí tháirgeadh laistigh den Aontas a choinneáil ar bun. Ina theannta sin, i bhfianaise thionchar imeallach na bhfuarthán ar chostais gluaisteán, tá gach dóchúlacht ann gur féidir dleachtanna san fhodheighleog seo a chur ar aghaidh. Dá bhrí sin, ní bheadh tionchar díréireach ar úsáideoirí sa deighleog seo i gcás go bhforchuirtear beart.

(289) Ar an taobh eile, tá buntáirgí i gceist leis an bhfodheighleog iarmhargaidh mar a bhfuil sé níos deacra praghsanna a chur ar aghaidh. Ní léiríonn staid an úsáideora chomhoibríoch sa deighleog sin go mbeadh tionchar díréireach ag na bearta. Ar aon nós, tá foinsí eile soláthair ar fáil do na hallmhaireoirí/trádálaithe uile, rud a mhaolaíonn tionchar na mbeart.

(290) Chomhoibrigh trí úsáideoir ó dheighleog na dtáirgí tionsclaíocha eile (snáithíní, scannáin, roisíní). Níl aon phatrún soiléir ann le haghaidh thionchar na mbeart idir imeallach agus suntasach. Léiríonn an pictiúr measctha sin go bhfuil cásanna cuideachta-sonracha ann nach mbaineann le leibhéal na bpraghsanna MEG, ach le fachtóirí eile. Dá bhrí sin, ní imreodh na bearta tionchar cinntitheach ar ghníomhaíochtaí na gcuideachtaí sin amach anseo. Ní thugtar le fios go mbeadh tionchar díréireach ar na húsáideoirí sin, go háirithe nuair a dhéantar é a chothromú i gcoinne na dtairbhí fadtéarmacha a bhaineann le héagsúlacht agus cobhsaíocht an tsoláthair, rud a ghabhann le tionscal an Aontais, agus nach mbeadh ann in éagmais na mbeart.

(291) Tarlaíonn beagnach 55 % d'úsáid iomlán MEG sa deighleog PET. MEG is cúis le thart ar aon chúigiú de chostais iomlána PET, táirge faoi bhrú ard praghsanna a bhfuil brabúis chaola ag baint leis de ghnáth. Dá bhrí sin, is féidir le tionchar suntasach a bheith ag baint leis an difríocht idir aon phointe céatadáin amháin agus dhá phointe céatadáin ó thaobh brabúsachta de.

(292) Ghlac seacht gcuideachta ar le ceithre ghrúpa iad páirt san imscrúdú. Athraíonn an staid de réir na cuideachta. I gcás cuideachtaí áirithe, thiocfadh laghdú ar a mbrabúis ach bheadh siad dearfach fós; i gcás cuideachtaí eile a bhfuil brabúsacht íseal ag baint leo, thabharfaí síos do leibhéil mhéa-ar-mheá iad; i gcás na gcuideachtaí is measa feidhmíocht, bheadh méadú ar na caillteanais atá tromchúiseach cheana féin, cé go mbeadh leibhéal na gcaillteanas sin measartha comhréireach.

(293) Is iad fachtóirí eile a chinneann go struchtúrach staid na bhfeidhmeoirí is measa, agus dá bhrí sin, i ndeireadh na dála, ní hiad na bearta atá beartaithe a chinnfidh a ngníomhaíochtaí agus na céadta post lena dtacaíonn siad, agus ní bheadh tionchar díréireach ag na bearta sin orthu dá réir.

(294) Maidir leis na cuideachtaí a mbíonn a mbrabúis thart ar an bpointe meá ar mheá, ní dhéanfadh na bearta athrú suntasach ar a staid. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le gníomhaíochtaí seachtracha (e.g. bearta cosanta trádála i gcás trádáil éagórach dhíobhálach) nó coigeartuithe inmheánacha ar a samhail ghnó chun iomaíochas a dhaingniú. Cé go bhféadfadh sé nach mbeadh tionchar cinntitheach ag na bearta, d'fhéadfadh cúpla céad post a bheith i mbaol.

(295) D'fhéadfadh na bearta difear beag a dhéanamh do chuideachtaí a bhfuil brabúis leanúnacha acu, ach ní ar bhealach díréireach.

(296) Ar aon nós, i gcás na dtionchar thuasluaite a d'fhéadfadh a bheith ann sa ghearrthéarma, níor mhór iad a chothromú le trí riosca a d'fhéadfadh a bheith ann sa mheántéarma mura bhforchuirtear na bearta (agus an dóchúlacht go scoirfear gníomhaíochtaí thionscail an Aontais toisc nach inbhuanaithe an staid reatha): foinsí soláthair níos lú, cobhsaíocht soláthair níos ísle, agus praghsanna MEG níos airde. Féadfaidh an dara ceann díobh sin leibhéal measartha na mbeart atá beartaithe a shroicheadh go héasca, rud a chruthódh tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith comhionann, mura mó iad, leis na cinn a chruthóidh na bearta atá beartaithe iad féin.

(297) Tríd is tríd, ní mheastar gur leor ar an iomlán na tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh tarlú ar an drochuair do tháirgeoirí PET sa ghearrthéarma chun stad a chur le forchur na mbeart.

(298) Léiríonn pictiúr comhiomlánaithe dheighleoga na n-úsáideoirí go léir roinnt tionchar diúltach, ach níl sé díréireach leis na tairbhí a thiocfadh as an mbeart. Beidh an t-ábhar seo faoi chaibidil go leanúnach ag an imscrúdú ar feadh céim chinntithe.

7.5. **Leas na soláthróirí**

(299) ExxonMobil, mar mhonaróir paraixiléine (ábhar amh chun aigéad teireatalach íonaithe (PTA) a mhonarú, rud a úsáidtear ina dhiaidh sin chun PET a mhonarú), ba é an t-aon soláthraí é a chur barúlacha in iúl. Mhaígh sé go mbeadh drochthionchar ar sholáthróirí paraixiléine an Aontais i ngeall ar dhrochthionchar na mbeart frithdhumpála ar tháirgeoirí PET, agus go gcaillfeadh na soláthróirí díolacháin ar mhargadh an Aontais toisc nach mbeadh táirgeoirí PET an Aontais in ann dul in iomaíocht le hallmhairí PET ó réigiúnacha eile. Mhaígh sé thairis sin go raibh dúshláin roimh tháirgeoirí paraixiléine an Aontais cheana féin i ngeall ar an ró-acmhainneacht ar fud an domhain agus ar an méadú ar allmhairí. Ina theannta sin, áitíodh go raibh na táirgeoirí paraixiléine comhtháite le scaglanna agus, dá bhrí sin, aon drochthionchar ar pharaixiléin, bheadh drochthionchar aige sin ar thionscail scaglanna an Aontais chomh maith, scaglanna bhfuil dúshláin rompu cheana féin i ngeall ar an ró-acmhainneacht ar fud an domhain, na hathraithe ar phatrúin éilimh ar bhreosla, agus costais arda.

(300) Níor cuireadh fianaise i leith na n-éileamh sin agus ní féidir glacadh leo ag an gcéim seo. Ina theannta sin, déantar tagairt don anailís maidir le húsáideoirí a dhéanann PET, anailís a léiríonn nach rachadh na drochthionchair fhéideartha i bhfeidhm ach ar tháirgeoirí áirithe, táirgeoirí nach mbraitheann go hiomlán ar easpa bearta i leith MEG. Dá thoradh sin, ní féidir conclúid a dhéanamh go mbeadh tionchar díréireach ag na bearta sin ar sholáthróirí.

7.6. **Barúlacha a fuarthas**

(301) Mhaígh roinnt páirtithe leasmhara (CPME, CIFRS, Mitsubishi, Arteco, Proviron, Oxyde, HELM, NEO Group) nach mbeadh sé chun leas an Aontais bearta frithdhumpála a fhorchur toisc nach féidir le táirgeoirí an Aontais freastal ar éileamh úsáideoirí MEG san Aontas agus go bhfuil allmhairí ag teastáil dá bharr sin. Ina theannta sin, maíodh go raibh sé dodhéanta an acmhainneacht táirgeachta iomlán a úsáid i gcónaí i ngeall ar shéasúracht an mhargaidh MEG. Áitíodh freisin nach féidir allmhairí ó thríú tíortha eile, amhail Ceanada, an tSín, Cuáit, an India, Meicsiceo, an Rúis agus an Tuirc, a chur in ionad allmhairí MEG ó na Stáit Aontaithe agus ón Araib Shádach, i bhfianaise na hacmhainneachta táirgeachta easnamhaí, na gcostas ard iompair agus an éilimh inmheánaigh atá ag dul i méid i dtíortha onnmhairiúcháin eile. Mhaígh Arteco go bhfuil gá le soláthar slán MEG, rud a rathaítear trína chumas é a fhoinsiú ó fhoinsí éagsúla, chun inmharthanacht a chuid fuarthán inneall a áirithiú san Aontas. Dúirt Helm gur cé go bhfuil sé beartaithe ag táirgeoirí MEG an Aontais acmhainneacht táirgeachta ocsaíde eitiléine a mhéadú, níl sé beartaithe acu acmhainneacht táirgeachta MEG a mhéadú.

(302) Mar a shonraítear in aithris (274), tá forchur na mbeart riachtanach chun tionchar ollmhór na n-allmhairí dumpáilte a choinneáil faoi smacht agus táirgeadh MEG san Aontas a choinneáil ar bun. Gan tionscal an Aontais, beidh úsáideoirí MEG ag brath ar allmhairí agus dá bhrí sin ní bheidh soláthar slán MEG ó fhoinsí éagsúla acu. Mar sin féin, meabhraítear nach é an cuspóir atá le bearta frithdhumpála a fhorchur stad a chur leis na hallmhairí ach cothrom iomaíochta a thabhairt ar ais ar mhargadh an Aontais. Dá ainneoin sin, mar a shonraítear in aithris (281), tá foinsí eile soláthair ar fáil, seachas an Araib Shádach agus na Stáit Aontaithe, amhail an Téaváin, Singeapór agus an Chóiré. Ina theannta sin, cé gur léiríodh san imscrúdú nach bhfuil sé beartaithe ag táirgeoirí sampláilte an Aontais acmhainneacht táirgeachta a mhéadú go luath amach anseo, meabhraítear, mar a shonraítear in aithris (249) gurb ann do ró-acmhainneacht MEG ar fud an domhain. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na héilimh sin.

(303) Mhaígh CPME nach chun leas an Aontais atá sé dleachtanna frithdhumpála a fhorchur agus go gcuirfeadh sé isteach go mór ar thionscal PET, rud a chuirfeadh táirgeoirí PET amach as an margadh.

(304) Mar a mhínítear in aithrisí (290) go (297), ní mheastar gur leor ar an iomlán an tionchar diúltach a d'fhéadfadh tarlú, ar an drochuair, do tháirgeoirí PET sa ghearrthéarma chun stad a chur le forchur na mbeart. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(305) Mhaígh Mitsubishi nach chun leas an Aontais atá sé bearta frithdhumpála a fhorchur toisc gur féidir a bheith ag súil le go dtiocfaidh feabhas ar an gcaidreamh trádála idir na Stáit Aontaithe agus an tSín faoi riarachán nua SAM agus dá bhrí sin ní bheidh cúis na dumpála agus na díobhála ábhartha a thuilleadh.

(306) Mar a luaitear in aithris (247), cé go ndearnadh na srianta a mhaolú, tá feidhm i gcónaí ag na taraifí breise de ghnáth agus nach léir an chaoi a bhforbróidh cúrsaí. Ina theannta sin, in ainneoin éabhlóid an chaidrimh trádála idir na Stáit Aontaithe agus an tSín, tá tionscal MEG SAM dírithe ar onnmhairiú agus a acmhainneacht táirgeachta á méadú, agus dá bhrí sin, is dócha go mbeidh suim mhór ag táirgeoirí SAM i margadh an Aontais i gcónaí, go háirithe ós rud é go bhfuil an tSín ag cur lena cuid acmhainneachta MEG féin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(307) Mhaígh Arteco nach bhfónfadh forchur na mbeart ach do leasanna dhá mhórchuideachta, ceann acu ina phríomhiomaitheoir ag Arteco ar mhargadh iartheachtach na bhfuarthán. Ar an gcaoi chéanna, mhaígh Oxyde gur toisc gur mórtháirgeoir frithreo a úsáideann a chuid MEG féin atá i BASF, bheadh buntáiste iomaíoch aige thar a iomaitheoirí, Arteco, HLV agus Solventis, a mbeadh orthu dleachtanna frithdhumpála a íoc ar allmhairí MEG.

(308) Ní aontaíonn an Coimisiún leis na héilimh sin. Rachaidh forchur na mbeart chun tairbhe thionscal iomlán an Aontais agus ní chun tairbhe dhá tháirgeoir amháin. Is fíor go ndéanann ceann de na heintitis laistigh de ghrúpa BASF fuaráin. Mar sin féin, léirigh an t-imscrúdú go gceannaíonn an chuideachta MEG óna chuideachta ghaolmhar ar phraghsanna margaidh, mar an gcéanna le Arteco agus úsáideoirí eile.

(309) Mhaígh Arteco, ós rud é gur tráchtearra é MEG a dhéantar a thrádáil agus a iompar ar fud an domhain, go mbeidh athrú suntasach ar shreafaí trádála agus méadú ar iompair tar éis bearta a fhorchur, rud a chruthóidh astaíochtaí níos airde as loingseoireacht dhomhanda a dhéanfaidh dochar do na hiarrachtaí atá ar siúl chun an t-athrú aeráide a mhaolú.

(310) Ní aontaíonn an Coimisiún leis an éileamh sin. Tá an t-athrú ar thrádáil tar éis tarlú cheana féin le linn na tréimhse a measadh nuair a tháinig allmhairí ó na tíortha lena mbaineann in ionad cuid shuntasach den táirgeadh laistigh den Aontas. Mura bhforchuirfear na bearta, tiocfaidh allmhairí in ionad táirgeadh laistigh den Aontas ar fad agus, dá bhrí sin, tiocfaidh méadú níos mó fós ar an athrú sa trádáil.

7.7. **Conclúid maidir le leas an Aontais**

(311) Ar bhonn an mhéid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nárbh ann d'aon chúis láidir nach mbeadh sé chun leas an Aontais bearta a fhorchur ar allmhairí MEG ar de thionscnamh na tíortha lena mbaineann iad, le linn na céime seo den imscrúdú.

8. BEARTA FRITHDHUMPÁLA SEALADACHA

(312) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir leis an dumpáil, leis an díobháil, leis an gcúisíocht agus le leas an Aontais, ba cheart bearta sealadacha a fhorchur ionas nach ndéanfar tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais leis na hallmhairí dumpáilte.

(313) Ba cheart bearta frithdhumpála sealadacha a fhorchur ar allmhairí gliocóil mona-eitiléine ar de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Ríocht na hAraibe Sádaí iad, i gcomhréir le riail na dleachta is lú in Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán. Chuir an Coimisiún na corrlaigh ghearrdhíola agus na corrlaigh dhumpála i gcomparáid le chéile. Socraíodh an méid dleachtanna ar an leibhéal corrlaigh ba ísle idir na corrlaigh dhumpála agus na corrlaigh dhíobhála.

(314) Ar bhonn a bhfuil thuas, na dleachtrátaí frithdhumpála sealadacha, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, le dleacht chustaim neamhíoctha, ba cheart iad a bheith mar seo a leanas:

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach
Ríocht na hAraibe Sádaí	Saudi Kayan Petrochemical Company (Saudi Kayan)	11,1 %
	Yanbu National Petrochemical Company (Yansab)	11,1 %
	Eastern Petrochemical Company (Sharq)	11,1 %

	Saudi Yanbu Petrochemical Company (Yanpet)	11,1 %
	Arabian Petrochemical Company (Petrokemya)	11,1 %
	Jubail United Petrochemical Company (United)	11,1 %
	Gach cuideachta eile	11,1 %
Stáit Aontaithe Mheiriceá	Lotte Chemical Lousiana LLC	8,5 %
	MEGlobal Americas Inc	38,3 %
	Cuideachtaí comhoibríocha eile	13,5 %
	Gach cuideachta eile	52,0 %

(315) Na dleachtrátaí frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, is ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo a socraíodh iad. Dá bhrí sin, is a léiriú iad ar an staid faoi mar a bhí sí le linn an imscrúdaithe a mhéid a bhaineann leis na cuideachtaí sin. Tá na dleachtrátaí sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann ar de thionscnamh na tíortha lena mbaineann iad agus arna dtáirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis i ndáil leo sin a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir le "gach cuideachta eile". Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na dleachtrátaí frithdhumpála aonair.

(316) Chun a áirithiú go ndéanfar na dleachtanna frithdhumpála a fhorfheidhmiú mar is ceart, an dleacht frithdhumpála le haghaidh gach cuideachta SAM eile, ba cheart feidhm a bheith ag an dleacht sin ní hamháin maidir le táirgeoirí onnmhairiúcháin SAM neamh-chomhoibríocha san imscrúdú seo, ach maidir leis na táirgeoirí nár onnmhairigh táirgí chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe freisin.

9. FÁISNÉIS AG AN gCÉIM SHEALADACH

(317) I gcomhréir le Airteagal 19a den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún in iúl do na páirtithe leasmhara go raibh sé beartaithe aige dleachtanna sealadacha a fhorchur. Cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil don phobal i gcoitinne freisin trí shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála. Tugadh 3 lá oibre do na páirtithe leasmhara chun barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna a nochtadh go sonrach dóibh.

(318) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir le cruinneas na ríomhanna.

10. FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

(319) Ar mhaithe leis an dea-riarachán, iarrfaidh an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara barúlacha a chur isteach i scríbhinn agus/nó éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála laistigh de sprioc-am seasta.

(320) Is torthaí sealadacha iad na torthaí maidir le forchur dleachtanna sealadacha, agus féadfar iad a leasú ag céim chinntitheach an imscrúdaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí gliocóil mona-eitiléine (uimhir CE reatha 203-473-3), a thagann faoi chód AC ex 2905 31 00 (cód TARIC 2905 31 00 10) agus ar de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Ríocht na hAraibe Sádaí iad.

2. Rátaí na dleachta frithdhumpála sealadaí is infheidhme maidir leis an nglanphraghas saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, an táirge a ndéantar tuairisc air i mír 1 agus a tháirgeann na cuideachtaí a liostaítear thíos, is mar seo a leanas a bheidh siad:

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach	Cód breise TARIC
Ríocht na hAraibe Sádaí	Saudi Kayan Petrochemical Company (Saudi Kayan)	11,1 %	C674
Ríocht na hAraibe Sádaí	Yanbu National Petrochemical Company (Yansab)	11,1 %	C675
Ríocht na hAraibe Sádaí	Eastern Petrochemical Company (Sharq)	11,1 %	C676
Ríocht na hAraibe Sádaí	Saudi Yanbu Petrochemical Company (Yanpet)	11,1 %	C677
Ríocht na hAraibe Sádaí	Arabian Petrochemical Company (Petrokemya)	11,1 %	C678
Ríocht na hAraibe Sádaí	Jubail United Petrochemical Company (United)	11,1 %	C679
Ríocht na hAraibe Sádaí	Gach cuideachta eile	11,1 %	C999
Stáit Aontaithe Mheiriceá	Lotte Chemical Louisiana LLC	8,5 %	C684
Stáit Aontaithe Mheiriceá	MEGlobal Americas Inc	38,3 %	C680
Stáit Aontaithe Mheiriceá	Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear in Iarscríbhinn I	13,5 %	
Stáit Aontaithe Mheiriceá	Gach cuideachta eile	52,0 %	C999

3. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a shonraítear le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: "Deimhnímse, a bhfuil mo shíniú thíos, go ndearna (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) (méid) de (táirge lena mbaineann), a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach, rud a chumhdaítear leis an sonrasc seo, a mhonarú sa tír seo: [an tír lena mbaineann]. Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a chuir mé sa sonrasc seo iomlán agus ceart." Mura dtaispeántar sonrasc den chineál sin, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

4. Beidh scaoileadh an táirge, dá dtagraítear i mír 1, i saorchúrsaíocht san Aontas faoi réir taisce ráthaíochta atá coibhéiseach le méid na dleachta sealadaí a sholáthar.

5. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm ag na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

1. Cuirfidh páirtithe leasmhara a mbarúlacha i scríbhinn faoin Rialachán seo faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 15 lá féilire ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Más mian le páirtithe leasmhara éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún, déanfaidh siad amhlaidh laistigh de 5 lá féilire ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Más mian le páirtithe leasmhara éisteacht a iarraidh leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála, iarrtar orthu déanamh amhlaidh laistigh de 5 lá féilire ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Scrúdóidh an tOifigeach Éisteachta iarrataí a chuirtear isteach lasmuigh den teorainn ama sin agus féadfaidh an t-oifigeach sin cinneadh a dhéanamh i dtaobh ar cheart glacadh leis na hiarrataí sin más iomchuí.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh Airteagal 1 i bhfeidhm ar feadh tréimhse 6 mhí.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Meitheamh 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Tairgeoirí comhoibríocha de chuid na Stát Aontaithe nár sampláladh

Tír	Ainm	Cód breise TARIC
Stáit Aontaithe Mheiriceá	Indorama Ventures Oxides LLC	C681
Stáit Aontaithe Mheiriceá	Equistar Chemicals, LP	C682
Stáit Aontaithe Mheiriceá	Sasol Chemicals North America LLC	C683